



Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta 2011/2012

Clár Ábhar

Gluais na nAcrainmneacha agus na nGiorrúchán	6
Ról agus Feidhmeanna	7
Réamhrá	8
Tuairisc an Stiúrtóra	10
1. An Ghairm a Rialú	13
1.1. An Clár Múinteoirí a Chothabháil	13
1.1.1. Staidreamh Clárúcháin	13
1.1.2. Rialacháin Chlárúcháin	16
1.1.3. Duine a Chur leis an gClár	16
1.1.4. Clárú Coinníollach	17
1.1.5. Fianaise ar Charachtar	17
1.1.5.1. Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin do Mhúinteoirí Reatha	18
1.1.5.2. An Painéal Fianaise ar Charachtar	18
1.1.5.3. Staidreamh i ndáil le Fianaise ar Charachtar don Bhliain Tuairiscithe	18
1.1.6. Clárú a Athnuachan	19
1.1.7. Táille Athnuachana Clárúcháin	19
1.1.8. Rochtain ar Fhaisnéis ar an gClár	19
1.2. Caighdeáin Iompair agus Chleachtais Ghairmiúil a Choinneáil	20
1.2.1. An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí	20
1.2.2. Gearáin a Imscrúdú	20
2. Caighdeáin agus Inniúlachtaí Múinteoireachta agus Cáilíocht na Múinteoireachta agus na Foghlama a Choinneáil agus a Fhorbairt	21
2.1. Oideachas Múinteoirí	21
2.1.1. Oideachas Tosaigh Múinteoirí	21
2.1.1.1. Caighdeáin Iontrála	21
2.1.1.2. Iontráil don Earnáil Bhreisoideachais	22
2.1.1.3. Athbhreithniú agus Creidiúnú	22
2.1.2. Ionduchtú agus Promhadh	23
2.2. Taighde	24
2.2.1. Sparánachtaí Taighde	24
2.2.2. Taighde Coimisiúnaithe	24

3. Gairm na Múinteoireachta a Chur Chun Cinn	25
3.1. Caidreamh leis na Meáin	25
3.2. Lá Domhanda na Múinteoirí	25
3.3. Comhdháil Náisiúnta	25
3.4. Cuairteanna ar IAOnna agus Comhdhálacha Múinteoirí	26
4. Eagraíocht Éifeachtúil Éifeachtach a Fhorbairt agus a Chothabháil chun Tacú le hObair na Comhairle	27
4.1. An Plean Straitéiseach	27
4.2. Deireadh le Téarma an Dara Comhairle	27
4.3. Múinteoirí a Thoghadh chun an Trú Comhairle	28
4.4. Struchtúr na gCoistí	29
4.5. Rialachas Corparáideach	29
4.6. Bainistíocht Acmhainní	30
4.6.1. Acmhainní Daonna	30
4.6.2. Cúrsaí Airgeadais	30
4.6.3. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)	31
4.7. Cumarsáid le Páirtithe Leasmhara	31
4.7.1. Daoine Teagmhála na Comhairle Múinteoireachta	31
4.7.2. Foilseacháin	32
4.7.3. Suíomh Gréasáin Corparáideach	33
4.7.4. Ríomhphoist Faisnéise	33
4.7.5. Idirchaidreamh le Comhlachtaí Ionadaíocha	34
4.8. Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí	34
4.9. An Ghaeilge	34
4.10. Sláinte agus Sábháilteacht	34

Aguisíní

Aguisín 1	Bainistíocht na Comhairle agus Struchtúr na hEagraíochta amhail an 27 Márta 2012	35
Aguisín 2	Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta amhail an 27 Márta 2012	36
Aguisín 3	Coistí, Painéil, Meithleacha agus Grúpaí Comhairleacha na Comhairle	39
Aguisín 4	Costais Chomhaltaí na Comhairle 2011	48
Aguisín 5	Ráitis Airgeadais Iniúchta 2011	50

Táblaí

Tábla 1	Staidreamh Clárúcháin do na Blianta Tuairiscithe 2009-2012	14
Tábla 2	Clárúcháin Nua de réir na hEarnála Oideachais do na Blianta Tuairiscithe 2010-2012	14
Tábla 3	Torthaí Thoghcháin na Comhairle Múinteoireachta, 2012 de réir Catagóire agus Toghlaigh	28
Tábla 4	Coistí, Painéil, Meithleacha agus Grúpaí Comhairleacha na Comhairle	29
Tábla 5	Daoine Teagmhála na Comhairle Múinteoireachta	31

Fíoracha

Fíor 1	Líon Iomlán na Múinteoirí a bhí Cláraithe ar an lá deireanach de gach Bliain Tuairiscithe 2009-2012	15
Fíor 2	Inscne na Múinteoirí Cláraithe amhail an 27 Márta 2012	15

Gluais na nAcrainmneacha agus na nGiorrúchán

AE	An tAontas Eorpach
CNIM	An Clár Náisiúnta Ionductúcháin do Mhúinteoirí
DTCM	Duine Teagmhála na Comhairle Múinteoireachta
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
IAO	Institiúid Ardoideachais
IBEC	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
ICTU	Comhdháil na gCeardchumann
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
MNC	Múinteoir Nua-Cháilithe
OTM	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
RG	Riachtanas na Gaeilge
SF	Saoráil Faisnéise

Ról agus Feidhmeanna

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006.

Go ginearálta, is iad feidhmeanna na Comhairle:

- Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialú
- Caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta a choinneáil agus a fheabhsú
- Clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil, a mbeidh caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta san áireamh iontu
- Forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn.

Réamhrá



*Micheál Ó Gríofa,
Cathaoirleach*

A Chairde,

Baineann an tuarascáil bhliantúil seo le hobair na Comhairle Múinteoireachta sa bhliain go dtí an 27 Márta 2012.

Tagann deireadh leis an mbliain tuairiscithe seo i gcomhthráth le deireadh théarma oifige an dara Comhairle, agus ba bhreá liom mo bhuíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, Lily Cronin, agus le comhaltaí uile an dara Comhairle as an dua agus an dúthracht a chaith siad leis an obair le linn na tréimhse sin. Is léir ó na freagrachtaí atá ar chomhaltaí na Comhairle agus ó líon na gcruinnithe coistí agus painéal ar fhreastail siad orthu le bliain anuas, is coistí agus painéil a dhéanann maoirseacht ar an sainchúram leathan atá orainn, go bhfuil ualach trom oibre ar an gComhairle. San iomlán, léiríonn na taifid tinrimh gur fhreastail na 37 gcomhalta de chuid na Comhairle ar chruinnithe 776 uair, idir chruinnithe na Comhairle, mar a liostaítear in [Aguisín 2](#), agus chruinnithe na dtrí choiste agus phainéal déag, mar a liostaítear in [Aguisín 3](#). Cuirim fáilte roimh chomhaltaí nua-thofa agus nua-cheaptha an tríú Comhairle agus guím gach rath orthu agus iad plé agus ag obair le linn na tréimhse dúshlánaí, corraithí atá amach romhainn mar eagraíocht.

Ba bhreá liom freisin aitheantas a thabhairt do na comhpháirtithe oideachais a dhéantar ionadaíocht dóibh ar an gComhairle, i.e. múinteoirí, ceardchumann múinteoirí, Institiúidí Ardoideachais, comhlachtaí bainistíochta scoile, comhlachtaí do thuismitheoirí agus ainmnithigh de chuid an aire. Ní bheadh an dul chun cinn céanna déanta againn ó thaobh sainordú reachtúil na Comhairle a chur i bhfeidhm gan an tacaíocht, an comhoibriú agus an tiomantas iontach a léirigh siad le linn théarma an dara Comhairle.

Ba bhuaicphointe d'obair na Comhairle le bliain anuas í forbairt an Phlean Straitéisigh dar teideal [Ré Nua don Ghairmiúlacht: Fás, Forbairt agus Foghlaim 2012-2014](#). Leagtar amach sa Phlean nua tosaíochtaí straitéiseacha agus treo straitéiseach na Comhairle ar bhonn meántéarmach, chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sí a ról suntasach maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na múinteoireachta in Éirinn.

Is i gcomhthéacs cúrsaí geilleagracha reatha a cuireadh an Plean i dtoll a chéile, le tuiscint ar an dúshlán suntasach lena mbaineann don earnáil phoiblí agus ar an tionchar dosheachanta a bheidh aige sin ar oideachas a sholáthar agus ar ualach oibre agus cleachtas laethúil múinteoirí. Déantar cur síos sa Phlean ar threo straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta amach anseo i gcomhthéacs na ndúshlán agus na ndeiseanna a bhaineann le cúrsaí reatha, agus aithnítear ann sé chuspóir straitéiseacha ar a ndíreofar ár gcuid oibre sna trí bliana amach romhainn.

Is cúis áthais dom freisin gur chuir an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D., in iúl go bhfuil sé ar intinn aige tosach feidhme a chur le hAlt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, i rith na scoilbhliana 2012/2013. Is bunchloch de chuid an Achta é an t-alt seo, lena bhforáiltear go gcaithfidh gach múinteoir atá maoinithe ag an Stát agus atá ag obair i scoil aitheanta a bheith cláraithe. Cuirfidh sé ar chumas na Comhairle caighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chinntiú, agus feidhmiúlacht chun múineadh múinteoirí cláraithe a chinntiú chomh maith nuair a chuirfear tosach feidhme le Cuid 5 den Acht a bhaineann le Feidhmiúlacht chun Múineadh. Tá a lán obair ullmhúcháin déanta agus fós á déanamh chun a chinntiú go mbeimid ullamh nuair a chuirfear tús le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. I gcomhthéacs an mhéadaithe ar líon na gclárúcháin a mbeifear ag dréim leis i ndiaidh tosach feidhme a bheith curtha le hAlt 30, is ábhar suntais é gur chinn an Chomhairle le linn na tréimhse tuairiscithe moladh a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna gur chóir an táille athnuachana clárúcháin bhliantúil a laghdú ó €90 go €65 le héifeacht ón 1 Eanáir 2013.

Ba bhreá liom buíochas ar leith a ghabháil le hÁine Lawlor, a chuaigh ar scor óna ról mar Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta i mí na Samhna 2011 i ndiaidh seacht mbliana de sheirbhís dhearscnaitheach sa ról sin agus i ndiaidh 42 bliain a chaitheamh ag obair go dian, dícheallach i réimse an oideachais, mar mhúinteoir agus i ról ghaolmhara eile. Chuir cion tairbhe Áine go mór le forbairt agus le reáchtáil éifeachtúil na heagraíochta seo, ó cuireadh tús leis an eagraíocht sa bhliain 2004, go dtí go ndeachaigh sí ar scor, tráth ag a bhfuilimid á n-ullmhú féin chun ár sainchúram iomlán a ghlacadh faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus is mór againn an obair sin uile. Teastaíonn uaim chomh maith aitheantas a thabhairt do mhaoirseacht chumasach, thiomanta Brendan O’Dea, a d’fheidhmigh mar Stiúrthóir Gníomhach ó mhí na Samhna 2011 go dtí mí na Bealtaine 2012.

Ceapadh Tomás Ó Ruairc ina Stiúrthóir i mí na Bealtaine 2012. Is mór an taithí luachmhar atá ag Tomás ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí i réimse an oideachais agus i réimsí eile, agus chuir sé tús lena sheal linn ag tráth thar a bheith tábhachtach. Tá clár oibre dúshlánach amach romhainn, agus táim féin agus comhaltaí eile an Choiste ag tnúth go mór le comhoibriú le Tomás agus le foireann uile na Comhairle Múinteoireachta chun ár gcuspóirí a bhaint amach sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

I dtuairisc an Stiúrthóra, déanann Tomás cur síos ar an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an gComhairle le bliain anuas. Léiríonn an obair sin uile an dlúth-chomhoibriú a bhíonn ar bun idir an Chomhairle agus a Stiúrthóir agus a foireann, agus a thiomanta agus atá gach duine lena mbaineann do spriocanna na heagraíochta, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach, a bhaint amach. Tá an t-ádh leis an gComhairle go bhfuil sí tacaithe ag foireann bainistíochta láidir, chomhtháite agus ag pearsanra ardchaighdeáin, atá tiomanta go huile is go hiomlán d’fheidhmeanna na Comhairle a chomhlíonadh le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Gabhaim míle buíochas libh go léir.

Micheál Ó Gríofa
Cathaoirleach

Tuairisc an Stiúrthóra



Tomás Ó Ruairc,
Stiúrthóir

Is cúis mhór áthais dom, i mo cháil mar Stiúrthóir nua-cheaptha na Comhairle Múinteoireachta, an tuarascáil seo a chur faoi bhur mbráid. Déantar cur síos sa tuarascáil ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana tuairiscithe 2011/2012, lena n-áirítear roinnt buaicphointí suntasacha a bhain an Chomhairle amach mar chomhlacht gairmiúil na múinteoireachta in Éirinn. Ba iad na prionsabail a thug treoir don Chomhairle agus an obair sin idir lámha aici, na caighdeáin is airde a chinntiú i ndáil le cáilíocht na múinteoireachta inár scoileanna, agus muinín an phobail as an ngairm a choinneáil agus a fheabhsú trí mhaoirseacht dhian a dhéanamh ar an gClár Múinteoirí.

D'fhoilsigh an Chomhairle *Further Education: General and Programme Requirements for the Accreditation of Teacher Education Qualifications* i mí an Mhárta 2011. Leagtar amach san fhoilseachán sin na riachtanais nach mór do sholáthraithe clár iad a chomhlíonadh má tá siad ag iarraidh go ndéanfaidh an Chomhairle a gcláir oideachas múinteoirí don Earnáil Bhreiseoideachais a chreidiúnú. Chuir sé Institiúid Ardoideachais (IAO) cláir faoi bhráid na Comhairle lena n-athbhreithniú agus lena gcreidiúnú go luath sa bhliain 2012, agus faoi dheireadh na bliana tuairiscithe, bhí clár amháin ceadaithe ag an gComhairle agus bhí athbhreithnithe ar na cláir eile ar siúl go leanúnach. Beartaíodh go mbeadh siad críochnaithe faoi mhí na Bealtaine 2012.

I mí an Mheithimh 2011, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin, d'fhoilsigh an Chomhairle a *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*, ina leagtar amach an fhís atá aici d'oideachas múinteoirí ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora, ó oideachas tosaigh múinteoirí go hionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Rinne an Chomhairle comhdháil ar oideachas múinteoirí, ar éirigh thar barr léi, a réachtáil i mí na Samhna i gCorcaigh i gcomhthráth le foilsiú an pholasaí sin. Leagadh béim, le linn na comhdhála, ar a thábhachtaí agus atá oideachas múinteoirí ardchaighdeáin chun a chinntiú gur féidir le múinteoirí leanúint díobh ag déileáil le dúshlán ar leith an tseomra ranga sa 21ú haois.

Sa mhí chéanna, d'fhoilsigh an Chomhairle *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir* ina leagtar amach critéir na Comhairle do chláir den sórt sin. Baineann na critéir le raon réimsí lena n-áirítear dearadh an chláir, réimsí staidéir, fad na gclár, líon agus cáilíochtaí na foirne, agus áiseanna agus acmhainní, agus beidh feidhm acu maidir leis na cláir chomhthráthacha uile ó mhí Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh, agus maidir leis na cláir chomhleanúnacha uile ó mhí Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh.

Tá ról reachtúil ag an gComhairle Mhúinteoireachta i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin iontrála a bhfuil gá leo do ghairm na múinteoireachta. I mí na Samhna 2011, d'eagraigh an Chomhairle próiseas comhairliúcháin i dtaca leis na critéir ábhair iarbhunoideachais nach mór iad a chomhlíonadh chun bheith in ann freastal ar chláir oideachas

tosaigh múinteoirí (OTM) agus i dtaca le próiseas leasaithe chun cáilíochtaí fochéime a mheasúnú sula dtosaíonn mac léinn ar chlár OTM.

Foilsíodh dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil i mí na Samhna 2011 freisin, ina dtugtar aird ar roinnt forbairtí atá tagtha chun cinn ó foilsíodh cód den chéad uair. Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin i ndáil leis an dréacht-Chód i mí na Nollag 2011/mí Eanáir 2012 agus fuarthas breis agus 1,300 aighneacht i scríbhinn. Forbraíodh dréacht eile den Chód i ndiaidh na haighneachtaí sin a bhreithniú, agus tionscnaíodh an dara céim chomhairliúcháin ag deireadh na bliana tuairiscithe. Glacadh an Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí leasaithe i mí na Bealtaine 2012.

I mí Eanáir 2012, d'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D., an Bille Oideachais (Leasú), 2012 (An tAcht Oideachais (Leasú), 2012 anois), a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca tosach feidhme a chur le hAlt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Nuair a bheidh an t-alt sin i bhfeidhm, beidh clárú éigeantach do gach múinteoir ag a bhfuil post atá maoinithe ag an Stát. Is forbairt shuntasach í sin do ghairm na múinteoireachta, mar fágfaidh sé go mbeidh sé níos éasca tosach feidhme a chur le hait eile an Achta nach bhfuil i bhfeidhm go fóill, lena n-áirítear na hait a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí agus le feidhmeanna imscrúdúcháin agus araíonachta na Comhairle. Nuair a bheidh na feidhmeanna deireanacha sin á bhfeidhmiú ag an gComhairle, beidh sé ar a cumas iompar gairmiúil múinteoirí a fhiosrú agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí, lena n-áirítear duine a bhaint den Chlár.

Foilsíodh doiciméad comhairliúcháin i mí Eanáir 2012 chomh maith, inar leagadh amach na príomhghnéithe a bhaineann le feidhmeanna ionduchtúcháin agus promhaidh na Comhairle, mar aon le ról na bpáirtithe leasmhara éagsúla agus an tréimhse ama atá beartaithe do thabhairt isteach céimnithe na bhfeidhmeanna sin. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, fuarthas 232 aighneacht ar leithligh i scríbhinn (ar bhain roinnt díobh le tuairimí grúpaí beaga, cosúil le foirne scoile) agus 18 n-aighneacht ó eagraíochtaí ionadaíocha, agus reáchtáladh sraith cruinnithe le páirtithe leasmhara. Tá an Chomhairle ag athbhreithniú a cuid tograí ar bhonn an phróisis sin, agus eiseofar dréacht-doiciméad eile le haghaidh comhairliúcháin in am trátha. Ba chóir go mbeadh samhail ar bith a eascróidh as an gcéim nua seo den phróiseas bunaithe ar an gcroílúach d'fhéinrialú gairmiúil atá ag croílár gach a ndéanann an Chomhairle. Ní mór aitheantas a thabhairt ann freisin, áfach, do ghnáthchúinsí laethúla ár scoileanna. Tá fógra tugtha ag an gComhairle idir an dá linn, le haire ar dhearcaí na bpáirtithe leasmhara, go gceanglófar ar gach Múinteoir Nua-Cháilithe (MNC) in Éirinn, idir mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile (coistí gairmoideachais san áireamh) a chlárófar an 2 Iúil 2012 nó ina dhiaidh, páirt a ghlacadh i gclár de cheardlanna ionduchtúcháin chun bheith i dteideal clárú. Is é an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) a dhéanfaidh an clár ceardlann a chomhordú i gcomhar leis na hIonaid Oideachais. Beidh an clár seo ina phríomhghné d'ionduchtú gach MNC amach anseo. Leanfaidh an CNIM de ag comhordú an chlár mheantóireachta i scoileanna chomh maith.

Tá an Chomhairle á hullmhú féin go gníomhach don ról a bheidh aici i ndáil le Feidhmiúlacht chun Múineadh, a ndéantar tagairt dó go minic mar Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Meastar go gcuirfear tosach feidhme leis go gairid i ndiaidh thosach feidhme Alt 30. I rith na bliana, d'fhreastail comhaltaí de chuid na gcoistí Imscrúdúcháin agus Araíonachta ar raon éisteachtaí maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh arna reáchtáil

ag comhlachtaí gairmiúla eile, rinne siad na dréacht-Rialacha Nós Imeachta do Phainéil Araíonachta a nuashonrú agus d'ullmhaigh siad doiciméid nós imeachta eile chomh maith.

Is gné thábhachtach de chuid obair na Comhairle an taighde i gcónaí. Rinne an Coiste Oideachais athbhreithniú ar an bPolasaí Taighde le linn na bliana, agus ghlac an Chomhairle polasaí leasaithe. Cuirtear creat ar fáil i bPolasaí Taighde na Comhairle do chur i bhfeidhm na feidhme taighde sin. D'fhoilsigh an Chomhairle dhá thuarascáil ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) sa bhliain 2011/12, a bhain le Continuing Professional Development Among Primary Teachers in Ireland agus Job Satisfaction and Occupational Stress among Primary School Teachers and School Principals in Ireland.

Tá hipearnaisc chuig reachtaíocht, doiciméid agus foinsí a ndéantar tagairt dóibh ar fáil sa leagan gréasáin den Tuarascáil Bhliantúil seo, agus is modh luachmhar, éasca é chun teacht ar dhoiciméid chúlra atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.oide.ie nó a thagann ó fhoinsí gréasáin eile.

Mar fhocal scoir, ba bhreá liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach atá ag dul as oifig, Lily Cronin, agus le comhaltaí uile na Comhairle as an tiomantas agus an fuinneamh a léirigh siad agus iad ag stiúradh na Comhairle le linn na tréimhse tábhachtaí, múnlaithí seo i stair na Comhairle. Ba mhian liom freisin aitheantas a thabhairt d'fhoireann ilbhuaich, thiomanta na Comhairle as an tiomantas agus an díograis a léirigh siad agus ualach oibre orthu atá trom agus ag dul i méid.

Tomás Ó Ruairc
Stiúrthóir

1. An Ghairm a Rialú

Is iad seo a leanas príomhréimsí freagrachta na Comhairle i ndáil le clárú agus rialú ghairm na múinteoireachta faoin [Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001](#):

- An [Clár Múinteoirí](#) a Chothabháil
- [Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí](#) a Chur Chun Cinn
- Fiosrúcháin a dhéanamh ar fheidhmiúlacht chun múineadh múinteoirí cláraithe

1.1. An Clár Múinteoirí a Chothabháil

1.1.1. Staidreamh Clárúcháin

Is comhartha d'inniúlacht ghairmiúil múinteora é an clárú, lena gcinntítear go ndéantar ardchaighdeáin iontrála na gairme a choinneáil. Is iad seo a leanas roinnt staidreamh suimiúil a bhaineann leis an mbliain tuairiscithe:

- Bhí 70,510 múinteoir san iomlán cláraithe ag tús na bliana
- Rinneadh 6,698 múinteoir a chur leis an gClár (laghdú 2.7% ar an mbliain seo caite)
- Ba chéimithe nua iad 3,269 de na múinteoirí sin (laghdú 4.6% ar an mbliain seo caite)
- Ní dhearna 2,678 duine a gclárú a athnuachan
- D'iarr 1,383 múinteoir go mbainfí den Chlár iad, agus ba mhúinteoirí a bhí ag dul ar scor formhór na múinteoirí sin
- Bhí 73,147 múinteoir san iomlán cláraithe faoi dheireadh na bliana. Is ionann sin agus méadú 3.8% ar an mbliain roimhe sin agus an líon is mó riamh de mhúinteoirí cláraithe.

Tábla 1: Staidreamh clárúcháin do na blianta tuairiscithe 2009 - 2012


	2011/2012	2010/2011	2009/2010
Cláraithe ag tús na bliana	70,510	68,313	66,509
Céimithe nua	3,269 ¹	3,426 ²	3,133 ³
Daoine nua-chláraithe eile	3,429	3,460	2,985
Clárú nach ndearnadh a athnuachan	(2,678)	(3,376)	(2,942)
Bainte den chlár de bhun tola ⁴	(1,383)	(1,313)	(1,372)
Cláraithe ag deireadh na bliana	73,147	70,510	68,313

Tábla 2: Clárúcháin nua de réir na hearnála oideachais do na blianta tuairiscithe 2010 - 2012

Earnáil Oideachais	2011/2012 An Líon Múinteoirí	2010/2011 An Líon Múinteoirí
Bunscoil (4-12 bliain d'aois)	3,442	3,545
Iar-bhunscoil (12-18 bliain d'aois)	2,683	2,575
Iar-bhunscoil (Earnáil na gcoistí gairmoideachais amháin)	382	365
Breisoideachas (Earnáil na gcoistí gairmoideachais)	507	416
Montessori agus catagóirí eile	136	119
Iomlán	7,150⁵	7,020⁶


- Rinneadh torthaí bliana deireanaí 3,554 ábhar múinteoirí a aistriú ó na IAOanna go dtí an Chomhairle sa bhliain 2011/12. Chríochnaigh 3,269 de na hábhair múinteoirí sin an próiseas clárúcháin do chéimithe le linn na bliana tuairiscithe.
- Rinneadh torthaí bliana deireanaí 3,767 ábhar múinteoirí a aistriú ó na IAOanna go dtí an Chomhairle sa bhliain 2010/11. Chríochnaigh 3,426 de na hábhair múinteoirí sin an próiseas clárúcháin do chéimithe le linn na bliana tuairiscithe.
- Rinneadh torthaí bliana deireanaí 3,457 ábhar múinteoirí a aistriú ó na IAOanna go dtí an Chomhairle sa bhliain 2009/10. Chríochnaigh 3,133 de na hábhair múinteoirí sin an próiseas clárúcháin do chéimithe le linn na bliana tuairiscithe.
- Mar shampla, féadfaidh roinnt múinteoirí atá imithe ar scor a iarraidh go mbainfí den Chlár iad.
- Tá difríocht idir líon iomlán na múinteoirí nua-chláraithe (6,698) agus líon iomlán na múinteoirí a cláraíodh de réir earnála oideachais (7,150) sa bhliain 2011/2012 toisc gur cláraíodh roinnt múinteoirí faoi níos mó ná earnáil amháin.
- Tá difríocht idir líon iomlán na múinteoirí nua-chláraithe (6,886) agus líon iomlán na múinteoirí a cláraíodh de réir earnála oideachais (7,020) sa bhliain 2010/2011 toisc gur cláraíodh roinnt múinteoirí faoi níos mó ná earnáil amháin.

Fíor 1: Líon Iomlán na Múinteoirí a bhí Cláraithe ar an Lá deireanach de gach bliain tuairiscithe 2009 – 2012



Fíor 2: Inscne na Múinteoirí Cláraithe amhail an 27 Márta 2012

Fir	16,092
Mná	57,055
Iomlán	73,147



1.1.2. Rialacháin Chlárúcháin

Le *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárúcháin), 2009*, déantar na riachtanais nach mór iad a chomhlíonadh chun bheith i dteideal gairm na múinteoireachta a chleachtadh ag an leibhéal bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais a chaighdeánú.

- Leagtar amach i Rialachán a hAon na catagóirí d'fhaisnéis a choinneoidh an Chomhairle maidir le gach múinteoir cláraithe agus na forálacha i ndáil leis an gClár a chur ar fáil don phobal lena iniúchadh. Forordaítear ann freisin na riachtanais maidir le fianaise ar charachtar nach mór iad a chomhlíonadh chun bheith cláraithe leis an gClár Múinteoirí. Caithfidh iarratasóirí ar mhian leo a bheith cláraithe mar mhúinteoirí in Éirinn dul faoi Ghrinnfhiosrú Garda, agus ina theannta sin, ní mór dóibh aon chiontóir coiriúil nó aon torthaí araíonachta a d'eisigh fostóir, comhlacht rialála nó comhlacht gairmiúil in Éirinn nó thar lear ina gcoinne a fhógairt.
- Forordaítear le Rialacháin a Dó, a Ceathair agus a Cúig na caighdeáin iontrála a bhaineann leis na hearnálacha bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais faoi seach.
- Leagtar amach i Rialachán a Trí na riachtanais iontrála a bhaineann le múinteoirí Montessori aitheanta agus múinteoirí le cáilíochtaí speisialtóra cuí, cosúil leis na cáilíochtaí a bhfuil gá leo chun foghlaimoírí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta a mhúineadh.

Chuir an Chomhairle tús le hathbhreithniú ar na rialacháin le linn na bliana tuairiscithe agus beartaítear rialacháin athbhreithnithe a fhoilsiú sa bhliain 2013.

1.1.3. Duine a Chur leis an gClár

Déantar gach iarratas ar chlárú a mheasúnú ar bhonn aonair, ag féachaint do *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárúcháin), 2009*. Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais Rialachán a hAon, agus ceann amháin ar a laghad de na rialacháin eile a bhaineann le hearnáil mhúinteoireachta ar leith, mar a leagtar amach in 1.1.2 thuas.

Cláraíodh daoine nua i rith na bliana faoi na trí chatagóir seo a leanas:

1. Céimithe Nua-Cháilithe a rinne Cláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) arna gCreidiúnú ag an gComhairle Mhúinteoireachta

D'fhorbair an Chomhairle próiseas clárúcháin tiomanta do Mhúinteoirí Nua-Cháilithe (MNCanna) na bliana reatha a bhain cáilíocht amach i gcláir OTM in Éirinn arna gcreidiúnú ag an gComhairle Mhúinteoireachta. I rith na bliana tuairiscithe, thug foireann na Comhairle 24 chuairt ar sholáthraithe cláir chreidiúnaithe OTM chun ábhair múinteoirí a chur ar an eolas faoi ról na Comhairle agus chun comhairle a thabhairt faoin bpróiseas um iarratas a dhéanamh ar chlárú, lena n-áirítear Grinnfhiosrú Garda. Rinne 3,269 MNC iarratas ar chlárú sa bhliain tuairiscithe. Is ionann sin agus laghdú 4.6% ar an mbliain roimhe sin (Tábla 1).

2. Múinteoirí Cáilithe (a bhain Cáilíocht Amach roimh 2010) a rinne Cláir OTM arna gCreidiúnú ag an gComhairle Mhúinteoireachta

Bhain na hiarratasóirí seo cáilíocht amach i gcláir OTM arna gcreidiúnú ag an gComhairle Mhúinteoireachta roimh an mbliain 2010, agus teastaíonn uathu tosú ar an múinteoireacht, nó atosú uirthi, anois i ndiaidh tréimhse a raibh siad as láthair lena linn (e.g., sos gairme).

3. Múinteoirí is Iarratasóirí a bhain Cáilíochtaí amach lasmuigh d'Éirinn

Déantar iarratais ar chlárú ó mhúinteoirí a bhain cáilíocht amach lasmuigh d'Éirinn a mheasúnú ar bhonn aonair, ag féachaint do Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárúcháin), 2009. Féadfar clárú iomlán a cheadú nó féadfar clárú a cheadú faoi réir coinníollacha nach mór aghaidh a thabhairt orthu laistigh de thréimhse shonrach ama.

I mí na Bealtaine 2010, chun a chinntiú go ndéanfaí an Treoir ón Aontas Eorpach 2005/36/CE agus na Rialacháin maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint (Treoir 2005/36/CE), 2008 a chomhlíonadh go hiomlán, d'fhógair an Chomhairle athrú beartaithe ar nósanna imeachta maidir le próiseáil iarratas ó dhaoine a bhain cáilíocht amach i mBallstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh (AE). Anois ní mór do dhaoine a chuirfidh tús le clár um cháilíocht oideachas múinteoirí i mBallstát eile ó mhí Eanáir 2011 ar aghaidh próiseas ionduchtúcháin a thabhairt chun críche sa Bhallstát sin sula ndéanfaidh siad iarratas ar bheith cláraithe in Éirinn. Déantar cinnte leis an athrú sin ar an nós imeachta, a tháinig i bhfeidhm i lár na bliana 2011, go gcaithfear go comhionann ó thaobh clárúcháin de leis na hiarratasóirí uile a bhain cáilíocht amach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

1.1.4. Clárú Coinníollach

Faoi Alt 31(6)(b) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, féadfar clárú faoi réir coinníollacha a cheadú (lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le promhadh) i gcás nach gcomhlíonfaidh iarratasóir na riachtanais chlárúcháin uile. Cuirtear easnaimh den sórt sin (e.g., i mbunchéim iarratasóra nó sa cháilíocht oideachas múinteoirí) ar a súile do na hiarratasóirí nuair a chríochnaítear an measúnú ar chlárú. Sonraítear coinníollacha a mbaineann teorainn ama leo ansin. Tugtar aghaidh ar easnaimh go hiondúil trí mhodúl nó cúrsa ceadaithe a thabhairt chun críche (Triail Inniúlachta) nó trí mhodúl bunaithe ar an bhfostaíocht a dhéanamh (Tréimhse Oiriúnaithe).

I gcás gur bhain iarratasóir cáilíocht sa bhunoideachas amach lasmuigh d'Éirinn, go bhfuil sé nó sí aitheanta go hiomlán mar mhúinteoir sa stát/tír sin (i.e. gur thug sé nó sí clár ionduchtúcháin aitheanta chun críche) agus gur mhian leis nó léi clárú in Éirinn anois, féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an múinteoir sin a chlárú i gcás go gcomhlíonfaidh sé nó sí Riachtanas na Gaeilge (RG). Féadfaidh iarratasóirí a n-inniúlacht sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge sa bhunscoil a léiriú trí Thriail Inniúlachta nó trí Thréimhse Oiriúnaithe.

Go dtí seo, tá Trialacha Inniúlachta ceadaithe agus Tréimhsí Oiriúnaithe maoirsithe curtha ar fáil ag Institiúid Oideachais Marino faoina clár An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (S.C.G.) agus Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge – Tréimhse Oiriúnaithe (O.C.G.). Le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2012, cuirfear deireadh le páirtmhaoiniú an S.C.G agus an O.C.G. ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Beidh na cláir fós ceadaithe ag an gComhairle, áfach, mar comhlíonfaidh siad na riachtanais a bhaineann le RG i gcónaí.

1.1.5. Fianaise ar Charachtar

Ní mór do na hiarratasóirí uile ar bhreá leo clárú mar mhúinteoirí riachtanais na Comhairle maidir le Fianaise ar Charachtar a chomhlíonadh. Chun sin a dhéanamh, ní mór dóibh:

1. teistiméireacht ar charachtar ó dhuine atá cáilithe go cuí a chur ar fáil
2. dul faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin Garda, agus
3. i gcás iarratasóirí a chaith tréimhsí fada ina gcónaí thar lear, imréiteach ó na póilíní eachtracha a chur ar fáil.

Is í an Chomhairle a chomhordaíonn na socruithe grinnfhiosrúcháin Garda do mhúinteoirí nua atá le cur leis an gClár agus do mhúinteoirí atá á gceapadh chun post múinteoireachta i gcás nach ndearnadh grinnfhiosrú orthu sa bhliain féilire sin nó sa bhliain féilire roimhe sin. Déantar mionsonraí na nósanna imeachta earcaíochta, lena n-áirítear na riachtanais a bhaineann le grinnfhiosrú Garda, a leagan amach i gCiorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0063/2010, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011.

1.1.5.1. Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin do Mhúinteoirí Reatha

Thionóil an Chomhairle cruinniú le páirtithe leasmhara i mí na Nollag 2008 d'fhonn próiseas a fhorbairt do ghrinnfhiosrú Garda múinteoirí cláraithe a bhí ag obair mar mhúinteoirí sular bunaíodh an Chomhairle sa bhliain 2006 agus nach ndearnadh grinnfhiosrú Garda orthu riamh. Bunaíodh meitheal a d'fhorbair nósanna imeachta do ghrinnfhiosrú na múinteoirí sin. Scríobh an mheitheal chuig an Aire Oideachais agus Scileanna chun tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, agus chun iarraidh ar an Aire cabhrú leo saincheisteanna aitheanta a réiteach a bhaineann leis an reachtaíocht agus le hacmhainní.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí an Bille Oideachais (Leasú), 2012, a raibh leasú beartaithe ar Alt 33 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (athnuachan clárúcháin) san áireamh ann, faoi bhráid an Oireachtais. Fágfaidh an leasú go mbeidh an Chomhairle, inter alia, in ann rialachán a dhéanamh maidir le grinnfhiosrú tráthrialta Garda nuair atá múinteoir ag iarraidh a chlárú nó a clárú a athnuachan.

Aithnítear an Chomhairle Mhúinteoireachta sa Bhille um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin beartaithe, atá á chur chun cinn ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta, mar an comhlacht ainmnithe atá freagrach as grinnfhiosrú múinteoirí ag an nGarda a chomhordú. Chuir an Chomhairle a cuid tuairimí faoin dréacht-Bhille faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais atá ag déileáil leis.

1.1.5.2. An Painéal Fianaise ar Charachtar

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú leis an gComhairle mar mhúinteoirí. Tugann sé faoin obair seo ag féachaint do na treoirlínte a cheadaigh an Chomhairle sa bhliain 2009. I gcás go gcinneadh an Painéal nach cuí iarratasóir a chlárú ar bhonn na fianaise ar charachtar a cuireadh ar fáil, cuirfidh an Painéal a chinneadh, agus na cúiseanna leis, in iúl don iarratasóir, mar aon leis na gníomhartha a d'fhéadfadh an t-iarratasóir a dhéanamh ag an bpointe sin. Féadfar achomharc i gcoinne chinntí an Phainéil a dhéanamh chuig an nGrúpa um Athbhreithniú Clárúcháin (féach Aguisín 3 le haghaidh tuilleadh eolais ar Choistí agus ar Phainéil na Comhairle).

1.1.5.3. Staidreamh i ndáil le Fianaise ar Charachtar don Bhliain Tuairiscithe

Thug 10,890 iarratasóir an próiseas Fianaise ar Charachtar chun críche sa bhliain tuairiscithe. I gcás 266 iarratasóir, tarchuireadh faisnéis i ndáil le ciontuíthe agus ionchúisimh a fuarthas ó Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda chuig Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle lena breithniú. Agus úsáid á baint as na treoirlínte atá ceadaithe ag an gComhairle, bhreithnigh an Painéal a ábhartha agus a bhí ciontuíthe den sórt sin d'oiriúnacht chun clárú an mhúinteora. Ina theannta sin, bhreithnigh an Painéal líon beag torthaí araíonachta a chuir comhairle mhúinteoireachta nó comhlacht gairmiúil comhchosúil as dlínse eile ar fáil. Níor diúltaíodh aon mhúinteoir a chur leis an gClár le linn na bliana tuairiscithe ar bhonn Fianaise ar Charachtar. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí an próiseas grinnfhiosrúcháin tugtha chun críche i gcás 30,539 (41.7%) múinteoir ar an gClár.

1.1.6. Clárú a Athnuachan

Ní mór do mhúinteoirí cláraithe a gclárú a athnuachan gach uile bhliain chun fanacht ar an gClár Múinteoirí. Is é an 28 Márta dáta athnuachana thart ar 62% de mhúinteoirí cláraithe. I mí Feabhra 2012, iarradh ar 44,902 múinteoir a gclárú a athnuachan don tréimhse go dtí an 27 Márta 2013. De réir mar a théann múinteoirí ar scor agus mar a chláraíonn múinteoirí nua-cháilithe leis an gClár, tá laghdú ag teacht ar líon na n-athnuachaintí clárúcháin bliantúla a bhíonn le déanamh i mí an Mhárta agus ar deireadh beidh siad le déanamh ar feadh na bliana ar bhealach níos cothroime.

Faigheann na múinteoirí ar an gClár a chuir seoladh ríomhphoist ar fáil fógra ríomhphoist faoin ngá le hathnuachan chomh maith leis an bhfógra poist. Cuireadh faisnéis faoi athnuachan clárúcháin ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus i bhfoilseacháin arna bhfoilsiú ag páirtithe leasmhara. Bhunaigh an Chomhairle líne ghutháin thiomanta freisin chun fiosrúcháin faoi athnuachan clárúcháin a fhreagairt.

Le linn na bliana tuairiscithe, d'úsáid níos mó ná 56% de na múinteoirí (suas ó 45% sa bhliain roimhe) suíomh gréasáin na Comhairle chun a gclárúcháin a athnuachan ar líne. Is modh costéifeachtúil an modh seo is cúis le laghdú mór ar mhéid na ndoiciméad a bhíonn le próiseáil ag an gComhairle Mhúinteoireachta, rud a fhágann go mbíonn an córas riaracháin níos éifeachtaí.

1.1.7. Táille Athnuachana Clárúcháin

Bunaítear méid na táille a ghearrtar ar leibhéal chaiteachais agus ioncaim réamh-mheasta agus socraíodh é chun a chinntiú go mbeadh na hacmhainní ag an gComhairle a bhfuil gá leo chun cur ar a cumas a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Tá barrachas ag an gComhairle anois mar gheall ar an moill ar thosach feidhme a chur le roinnt feidhmeanna de chuid na Comhairle agus an caiteachas a mbeadh i gceist leo a bheith curtha ar athló dá réir.

Rinne an Chomhairle an táille athnuachana clárúcháin de €90, a cheadaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta sa bhliain 2007, a athbhreithniú i rith na bliana. Rinneadh cinneadh go molfaí don Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D. go laghdófaí an táille go €65 le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Bhí an cinneadh seo bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- tosach feidhme beartaithe Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (lena gceanglófar ar gach múinteoir clárú) sa bhliain 2012,
- buiséad na Comhairle don bhliain 2012 agus
- an barrachas atá carntha cheana féin.

Cuireann an táille taca faoi stádas na Comhairle mar chomhlacht rialála féinmhaoinithe, agus féadfar faoiseamh cánach a fháil i ndáil leis. Fágann sin gurb é €53 glanchostas na táille do dhaoine a íocann an t-ardráta cánach, agus laghdófar sin go dtí €38 sa bhliain 2013.

1.1.8. Rochtain ar Fhaisnéis ar an gClár

Is féidir le trí phríomhghrúpa teacht ar fhaisnéis ar an gClár - an pobal, múinteoirí agus na húdaráis phárolla, i.e., an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na 33 Choiste Gairmoideachais. Leagtar amach an creat a úsáidtear chun rochtain ar an gClár a éascú i Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárúcháin), 2009. Féadfaidh ball den phobal an áis ar líne 'Cuardaigh an Clár' a úsáid chun a dheimhniú go bhfuil duine cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Ar an meán, úsáideadh an áis sin 907 uair sa tseachtain le linn na bliana tuairiscithe.

1.2. Caighdeáin Iompair agus Chleachtais Ghairmiúil a Choinneáil

Gné shonrach den mhúinteoireacht is ea na hardchaighdeáin ghairmiúla lena mbaineann, agus tá ról tábhachtach ag an gComhairle maidir lena chinntiú go ndéantar na caighdeáin sin a choinneáil. Comhlíonann sí an ról sin tríd an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus a chur chun cinn, ina leagtar amach na caighdeáin chleachtais agus iompair ghairmiúil atá cuí don ghairm. Is doiciméad dlí é an doiciméad seo a chuirfidh bonn faoi ghearáin a dhéanfar faoi Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, a ndéantar tagairt dó go minic mar 'Feidhmiúlacht chun Múineadh'. Nuair a chuirfear tosach feidhme leis an gcuid sin den Acht, déanfaidh an Chomhairle gearáin faoi mhúinteoirí cláraithe a imscrúdú agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.

1.2.1. An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Foilsíodh an chéad eagrán den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí sa bhliain 2007. Ullmhaíodh dréacht-Chód athbhreithnithe le linn na bliana agus tugadh aird ann ar fhorbairtí a tháinig chun cinn ó foilsíodh an chéad Chód. Rinneadh iarracht an Cód athbhreithnithe a dhéanamh níos beaichte agus níos éasca le leanúint, ach treoir phraiticiúil a chur ar fáil ann i gcónaí chun cabhrú le múinteoirí agus iad i mbun a gcleachtais ghairmiúil. Rinneadh próiseas comhairliúcháin i ndáil leis an dréacht-Chód i mí na Nollag 2011/mí Eanáir 2012. Fuarthas breis agus 1,300 aighneacht i scríbhinn mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. I ndiaidh na haighneachtaí sin a bhreithniú, forbraíodh dréacht eile den Chód agus tionscnaíodh céim chomhairliúcháin eile ag deireadh na bliana tuairiscithe. Is mar thoradh air sin a glacadh an dara heagrán den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí i mí na Bealtaine 2012.

1.2.2. Gearáin a Imscrúdú

Nuair a chuirfear tosach feidhme le Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, beidh imscrúdú gearán i ndáil le feidhmiúlacht chun múineadh múinteoirí cláraithe ar cheann de phríomhfheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta. I gcás go ndéanfar gearán faoi mhúinteoir cláraithe, beidh sé de chumhacht ag an gComhairle an gearán a imscrúdú agus a chinneadh cibé ar chóir nó nár chóir a nósanna imeachta araíonachta a úsáid chun déileáil leis. Más cuí, féadfaidh an Chomhairle coinníollacha a chur i bhfeidhm ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí ón gClár Múinteoirí nó a bhaint de go hiomlán. Is ionann múinteoir a bhaint den chlár, go héifeachtúil, agus a cheadúnas nó a ceadúnas teagaisc a bhaint de nó di. Tá sé seo ar aon dul leis an ról a bhíonn ag comhlachtaí gairmiúla eile maidir le caighdeáin a rialú.

Níor chuir an tAire Oideachais agus Scileanna tosach feidhme go fóill leis na feidhmeanna imscrúdúcháin agus araíonachta de chuid na Comhairle a ndéantar tagairt dóibh thuas. Chuir an tAire in iúl don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aige tús a chur leis na feidhmeanna sin i ndiaidh thosach feidhme Alt 30 den Acht. Beartaítear tosach feidhme a chur leis an alt sin sa bhliain 2012. Tá an Chomhairle ag obair go gníomhach chun go mbeidh sí ullamh dá ról sa réimse seo. I rith na bliana, d'fhreastail comhaltaí de chuid na gcoistí Imscrúdúcháin agus Araíonachta ar raon éisteachtaí maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh arna reáchtáil ag comhlachtaí rialála eile. Rinne siad na dréacht-Rialacha Níos Imeachta do Phainéil Araíonachta a nuashonrú agus d'ullmhaigh siad doiciméid níos imeachta eile chomh maith.

Baineann alt 37 den Acht leis an ngá go gcuirfidh scoileanna an Chomhairle ar an eolas má bhristear múinteoir as a phost nó a post nó má éiríonn múinteoir as a phost nó a post. Ullmhaíodh dréacht-rialachán chun éifeacht a thabhairt don alt sin le linn na bliana tuairiscithe agus cuireadh faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna é.

Tá ábhar treorach do bhail an phobail agus do mhúinteoirí cláraithe á ullmhú faoi láthair agus foilseofar é nuair a chuirfear tosach feidhme leis na forálacha ábhartha.

2. Caighdeáin agus Inniúlachtaí Múinteoireachta agus Cáilíocht na Múinteoireachta agus na Foghlama a Choinneáil agus a Fhorbairt

Is é sármhaitheas sa mhúinteoireacht ceann de na croíluachanna a thugann treoir d'obair na Comhairle agus déantar an sármhaitheas sin a chur chun cinn tríd an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus trí ról na Comhairle in oideachas múinteoirí.

2.1. Oideachas Múinteoirí

Tugtar cumhachtaí suntasacha don Chomhairle san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ó thaobh oideachas múinteoirí a mhúnlú agus a fhorbairt ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora. I mí an Mheithimh 2011, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin, d'fhoilsigh an Chomhairle a Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí, ina leagtar amach an fhís atá aici d'oideachas múinteoirí ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora, ó oideachas tosaigh múinteoirí go hionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

Rinne an Chomhairle comhdháil ar oideachas múinteoirí, ar éirigh thar barr léi, a reáchtáil le linn na bliana tuairiscithe chomh maith. Leag an Chomhairle béim phoiblí, le linn na comhdhála, ar a thábhachtaí agus atá oideachas múinteoirí ardchaighdeáin chun a chinntiú gur féidir le múinteoirí leanúint díobh ag déileáil le dúshláin ar leith an tseomra ranga sa 21ú haois (Féach 3.3 le haghaidh tuilleadh eolais).



Lá aiseolais ar Pholasaí na Comhairle Múinteoireachta i mí Aibreáin 2011

2.1.1. Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Tá ról reachtúil ag an gComhairle Mhúinteoireachta i ndáil leis na caighdeáin iontrála a bhaineann le gairm na múinteoireachta a athbhreithniú.

2.1.1.1. Caighdeáin Iontrála

D'eagraigh an Chomhairle próiseas comhairliúcháin i rith na bliana tuairiscithe i dtaca leis na critéir ábhair iar-bhunoideachais nach mór iad a chomhlíonadh chun bheith in ann freastal ar chlár OTM agus i dtaca le próiseas leasaithe chun cáilíochtaí fochéime a mheasúnú sula dtosaíonn mac léinn ar chlár OTM. Nuair a bheidh na critéir agus an próiseas leasaithe tugtha

chun críche, beidh riachtanais iontrála do chlár OTM iar-bhunoideachais sainithe go soiléir. Beartaítear go bhfoilseofar na moltaí deireanacha le linn na chéad bliana tuairiscithe eile.

2.1.1.2. Iontráil don Earnáil Bhreisoideachais

De réir Rialachán na Comhairle Múinteoireachta (Clárúchán), 2009, ní mór do gach duine atá ag iarraidh clárú faoi Rialachán 5 (Breisoideachas) ón 1 Aibreán 2013 ar aghaidh cáilíocht cheadaithe in oideachas múinteoirí a bhaint amach. Tionscnaíodh próiseas comhairliúcháin i mí Iúil 2008 d'fhonn riachtanais na gclár oideachas múinteoirí sin a rianú, agus mar thoradh ar an bpróiseas sin, foilsíodh Further Education: General and Programme Requirements for the Accreditation of Teacher Education Qualifications i mí an Mhárta 2011.

Leagtar amach sa doiciméad sin na riachtanais nach mór do sholáthraithe clár iad a chomhlíonadh má tá siad ag iarraidh go ndéanfaidh an Chomhairle a gclár a chreidiúnú. Go hachomair, caithfidh na cláir sin a bheith ag Leibhéal 8 i gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, agus caithfidh 60 creidmheas ón gCóras Eorpach um Aistriú Creidmheasanna (ECTS) a bheith ag gabháil dóibh. Leagtar amach íosriachtanais i réimsí cosúil le croílúachanna, prionsabail agus aidhmeanna, struchtúr agus ábhar, bunús teoiriciúil, staidéar gairmiúil agus socrúchán múinteoireachta.

Chuir sé IAO cláir faoi bhráid na Comhairle lena n-athbhreithniú agus lena gcreidiúnú go luath sa bhliain 2012. Faoi dheireadh na bliana tuairiscithe, bhí clár amháin díobh sin ceadaithe ag an gComhairle agus bhí athbhreithnithe ar na cláir eile ar siúl go leanúnach.

D'aontaigh Coiste Clárúcháin na Comhairle, mar bheart sealadach, go gceadófaí d'iaratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil Bhreisoideachais an cháilíocht in oideachas múinteoirí a thabhairt chun críche laistigh de thrí bliana ó dháta an chéad chlárúcháin choinníollaigh, mar gheall ar na deacrachtaí a bhain le clár oideachas múinteoirí creidiúnaithe a thabhairt chun críche roimh Aibreán 2013.

2.1.1.3. Athbhreithniú agus Creidiúnú

Trí chlár OTM na IAOanna a athbhreithniú agus a chreidiúnú, tugtar deis do IAOanna a léiriú go n-éiríonn leis na cláir atá á gcur ar fáil acu mic léinn a ullmhú chun dul i mbun na múinteoireachta, i.e., go bhfuil na cláir deartha agus seachadta ar bhealach a chuireann ar chumas mic léinn na caighdeán teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta, agus na dearcaí agus na meonta gairmiúla a fhorbairt atá ag croílár na múinteoireachta.

I mí an Mheithimh 2011, d'fhoilsigh an Chomhairle Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirínte do Sholáthraithe Cláir, ina leagtar amach critéir na Comhairle i ndáil leis na cláir OTM sin a bhfuil iartras ar chreidiúnú á dhéanamh ina leith. Nuair a dhéanfar an chéad bhabhta athbhreithnithe ar bhonn na dtreoirínte seo, tabharfar aird chomh maith ar Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta na Roinne Oideachais agus Scileanna. Déantar na critéir a leagan amach faoi na ceanteidil ionchuir, próisis agus torthaí, agus beidh feidhm acu maidir le gach clár comhthráthach ó mhí Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh, agus maidir le gach clár comhleanúnach ó mhí Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh. Baineann na critéir le raon réimsí, lena n-áirítear dearadh an chláir, réimsí staidéir, fad na gclár, líon agus cáilíochtaí na foirne, agus áiseanna agus acmhainní. Is iad seo a leanas roinnt gnéithe suntasacha de na critéir sin:

- forordaítear leo na réimsí staidéir éigeantacha i gcláir, lena n-áirítear uimhearthacht agus litearthacht, bainistiú iompair, tuismitheoirí san oideachas, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus oideachas cuimsitheach

- leagtar amach iontu, den chéad uair, na torthaí foghlama ionchasacha do chéimithe na gclár oideachas múinteoirí uile
- ceanglaítear leo go gcaithfidh gach clár comhthráthach a bheith ceithre bliana i bhfad agus go gcaithfidh gach clár comhleanúnach a bheith dhá bhliain i bhfad
- éilítear leo go bhforbrófar múnla socrúchán scoile nua, nuálaíoch, ina gcothófar comhoibriú gníomhach idir IAOanna agus scoileanna, agus lena mbronnfar ról méadaithe ar chomhaltaí ghairm na múinteoireachta maidir le tacaíocht struchtúrtha a chur ar fáil d'ábhair múinteoirí
- ceanglaítear leo gur gá d'ábhair múinteoirí céatadán níos mó den chlár a chaitheamh ar shocrúchán scoile, agus go mbeidh na socrúcháin sin in dhá scoil éagsúla ar a laghad
- ceanglaítear leo go leagfar béim níos mó ar thaighde, obair phunainne agus réimsí tosaíochta náisiúnta cosúil le litearthacht agus uimhearthacht, cuimsitheacht agus TFC.

Tionóladh roinnt cruinnithe faisnéise le soláthraithe clár i rith na bliana, agus iad ag athdhearadh a gclár chun go gcomhlíonfaidh siad na critéir.

Bhunaigh an Chomhairle dhá mheitheal faoi leith freisin chun treoirlínte a fhorbairt faoi shamhail nua don socrúchán scoile agus chun treoirlínte a fhorbairt faoi shocrúchán fadaithe sa Ghaeltacht. Bhuail an Mheitheal Socrúchán Scoile le chéile ceithre huair le linn na bliana tuairiscithe. Bhuail an Mheitheal Socrúchán Gaeltachta le chéile seacht n-uair. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí dul chun cinn maith déanta maidir leis an dá shraith treoirlínte a dhréachtú.

I rith na bliana tuairiscithe, fuair an Chomhairle iarratas amháin ó IAO do chreidiúnú clár nua comhthráthach d'oideachas tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile.

2.1.2. Ionduchtú agus Promhadh

Níor cuireadh tosach feidhme fós le cumhachtaí reachtúla na Comhairle i ndáil le hionduchtú agus promhadh. Thosaigh an Chomhairle ag forbairt critéar agus nósanna imeachta do na réimsí sin i rith na bliana tuairiscithe i bhfoirm clár gairmiúil comhtháite do chéim tosaigh na gairmréime. Foilsíodh doiciméad comhairliúcháin i mí Eanáir 2012, inar leagadh amach na príomhghnéithe lena mbaineann, mar aon le róil na bpáirtithe leasmhara éagsúla agus an tréimhse ama atá beartaithe do thabhairt isteach céimnithe an chláir. Reáchtáil an Chomhairle próiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus bhuail sí le raon páirtithe leasmhara chun na moltaí a chur i láthair agus aiseolas a fháil orthu. Idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2012, tionóladh 17 gcruinniú idir comhaltaí agus oifigigh na Comhairle agus grúpaí lena áiríodh comhlachtaí bainistíochta, ionadaithe múinteoirí agus príomhoidí, soláthraithe OTM, stiúrthóirí ionaid oideachais, príomhoidí scoile, meantóirí agus an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM). D'iarr an Chomhairle aiseolas i scríbhinn chomh maith, agus cuireadh an spriocdháta d'aighneachtaí a fháil siar go dtí an 30 Márta 2012. Faoi dheireadh na bliana tuairiscithe, bhí 250 aighneacht faighte ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí.

2.2. Taighde

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, déanfaidh an Chomhairle taighde ar ábhair a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle a stiúradh nó a choimisiúnú. Rinne an Coiste Oideachais athbhreithniú ar pholasaí taighde na Comhairle le linn na bliana, agus ghlac an Chomhairle polasaí leasaithe. Cuirtear creat ar fáil i *bPolasaí Taighde* na Comhairle d'fheidhmiú a feidhme taighde.

2.2.1. Sparánachtaí Taighde

Tá ceithre scéim de sparánachtaí taighde do mhúinteoirí agus do dhaoine eile a dhéanann taighde sna réimsí de theagasc, foghlaim agus measúnú bunaithe ag an gComhairle go dtí seo. Tugadh maoiniú do 86 múinteoir faoi na scéimeanna sin, agus bronnadh na sparánachtaí eile ar 22 duine eile a bhí i mbun taighde ar ábhair a bhain le teagasc, foghlaim agus measúnú.

Tá an Chomhairle sásta go bhféadfaidh an taighde atá idir lámha cur le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama in Éirinn, agus lean sí uirthi ag foilsiú achoirí ar thaighde críochnaithe ar feadh na bliana tuairiscithe. Tá súil againn go mbeidh leathanach taighde na Comhairle mar stór luachmhar taighde do mhúinteoirí cleachtacha, agus d'aon duine a bhfuil spéis aige nó aici i dteagasc, foghlaim agus measúnú. Bhí 34 achoimre ar thaighde foilsithe faoi dheireadh na bliana tuairiscithe.

2.2.2. Taighde Coimisiúnaithe

I mí an Mheithimh 2011, d'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta dhá thuairisc a bhain le:

- a) *Continuing Professional Development Among Primary Teachers in Ireland* agus
- b) *Job Satisfaction and Occupational Stress among Primary School Teachers and School Principals in Ireland.*

Rinne an ESRI an dá thuairisc sin a thiomsú thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, ar bhonn sonraí a bailíodh le linn na mblianta 2007/2008 mar chuid den staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn.*

3. Gairm na Múinteoireachta a Chur Chun Cinn

Tá an gá le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn ag croílár obair na Comhairle. Dhírigh an Chomhairle ar roinnt straitéisí chun an sprioc sin a bhaint amach.

3.1. Caidreamh leis na Meáin

Mar chuid dá ról a bhaineann le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta plé oscailte leis na meáin chumarsáide trí fhreagra a thabhairt ar gach fiosrú ó na meáin in am trátha, agus trí dheiseanna cuí a lorg chun stádas ghairm na múinteoireachta a fheabhsú agus feacht ar obair na Comhairle a ardú sna meáin.

I rith na bliana tuairiscithe, eisíodh roinnt preasráiteas agus scríobhadh ailt le haghaidh foilseacháin éagsúla lena n-áirítear an preas náisiúnta agus réigiúnach, foilseacháin ar líne agus irisí a eisíonn na comhlachtaí ionadaíocha oideachais.

3.2. Lá Domhanda na Múinteoirí

D'ainmnigh an EOECA an 5 Deireadh Fómhair gach bliain mar Lá Domhanda na Múinteoirí. Déantar an ról ríthábhachtach a bhíonn ag múinteoirí maidir le mic léinn a chothú agus a threorú tríd an bpróiseas foghlama ar feadh an tsaoil a chomóradh ar an lá sin. Ba é Múinteoirí ar son Comhionannas Inscne téama na bliana 2011, agus chun an lá a chomóradh sheol an Chomhairle ríomhphost chuig na múinteoirí ar an gClár ag moladh dóibh cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin Lá Domhanda na Múinteoirí agus páirt a ghlacadh i bhfóram leictreonach EOECA lena gcomhghleacaithe idirnáisiúnta.

3.3. Comhdháil Náisiúnta

Rinne an Chomhairle a dara comhdháil náisiúnta a reáchtáil i gCorcaigh an 10 agus an 11 Samhain 2011, i gcomhthráth le foilsiú an Pholasáir ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí. D'fhreastail beagnach 300 toscaire ó IAOanna, cumainn tuismitheoirí, comhlachtaí bainistíochta scoile agus comhpháirtithe oideachais eile ar an gcomhdháil. Ba chúis áthais don Chomhairle, ach go háirithe, gur fhreastail níos mó ná 100 múinteoir cleachtach uirthi.

Ba é Fís don Leanúntas in Oideachas Múinteoirí téama na comhdhála, agus thug raon leathan cainteoirí ó Éirinn, ón RA, ón gCoimisiún Eorpach, ón bhFionlainn, ó Mhálta, ón Spáinn agus ó SAM óráidí uathu ann. Rinneadh an dearcadh Éireannach agus idirnáisiúnta ar smaointeoireacht agus cleachtas reatha i ndáil le hoideachas múinteoirí, lena n-áirítear oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach, a phlé ag an gcomhdháil.

Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó thoscairí an-dearfach ar fad. Dúirt a lán múinteoirí a d'fhreastail uirthi gur fóram a bhí ann a chabhraigh leo tuiscint níos fearr a fháil ar an múinteoireacht mar shaothar gairmiúil agus ar an gComhairle Mhúinteoireachta mar sholáthraí tacaíochta gairmiúla.

Deimhníodh san aiseolas freisin go raibh tuiscint athnuaite ag múinteoirí faoin tráth ar fhág siad an chomhdháil ar an tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach, cleachtadh machnamhach agus córas meantóireachta tacúil a chur ar fáil do mhúinteoirí nua-cháilithe.

Is féidir féachaint ar an-chuid de na [láithreoireachtaí comhdhála](http://www.oide.ie) ar leathanaigh www.oide.ie a bhaineann le hoideachas múinteoirí.

3.4. Cuairteanna ar IAOnna agus Comhdhálacha Múinteoirí

Tugadh cuairt ar na mic léinn a bhí sa bhliain dheireanach de chúrsaí oideachas múinteoirí i ngach ceann den 20 IAO le linn na bliana tuairiscithe. Tugann na cuairteanna seo deis luachmhar don Chomhairle bualadh leis na daoine atá ag tosú amach sa ghairm.

D'fhreastail baill foirne ar na trí chomhdháil do cheardchumainn múinteoirí i mí Aibreáin chomh maith, agus chuir siad seastán faisnéise ar fáil do na toscairí ann.



Toscairí ag freastal ar Chomhdháil Náisiúnta na Comhairle Múinteoireachta i mí na Samhna 2011

4. Eagraíocht Éifeachtúil Éifeachtach a Fhorbairt agus a Chothabháil chun Tacú le hObair na Comhairle

Tuigean an Chomhairle go gcaithfidh an eagraíocht a bheith éifeachtúil, costéifeachtach, agus déanann sí monatóireacht agus forbairt leanúnach ar a próisis agus a córais chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtúil agus go dtéann siad le dea-chleachtas i réimse an rialachais chorparáidigh.

4.1. An Plean Straitéiseach

D'fhorbair an Chomhairle a Plean Straitéiseach dar teideal *Ré Nua don Ghairmiúlacht: Fás, Forbairt agus Foghlaim 2012–2014* i rith na bliana tuairiscithe. Cuireann an plean seo leis an gcéad Phlean a d'eisigh an Chomhairle, *Fás agus Forbairt 2008–2011*. Leagtar amach sa phlean nua tosaíochtaí straitéiseacha agus treo straitéiseach na Comhairle, chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sí a ról suntasach maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na múinteoireachta in Éirinn. Tugann an teideal aitheantas don leanúntas foghlama a bhfuil an Chomhairle dírithe air agus léiríonn sé a thiomanta is atá an Chomhairle do ghairmiúlacht na múinteoireachta a bhrú chun cinn i ngach gné dá cuid oibre.

4.2. Deireadh le Téarma an Dara Comhairle

Tá 37 gcomhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta a bhíonn ag gníomhú mar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin na Comhairle ar bhonn deonach. Is é seo a leanas comhdhéanamh na Comhairle:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr tofa agus beirt ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iar-bhunscoile (seachtar tofa agus ceathrar ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 2 ainmnithe ag coláistí oideachais
- 2 ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- 4 ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal bunscoile agus beirt ag leibhéal iar-bhunscoile)
- 2 ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine ag leibhéal bunscoile agus duine ag leibhéal iar-bhunscoile)
- 5 ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine a dhéanann ionadaíocht do IBEC agus duine a dhéanann ionadaíocht do ICTU)

Liostaítear comhaltaí an dara Comhairle in [Aguisín 2](#). Tháinig téarma oifige an dara Comhairle chun deiridh an 27 Márta 2012.

4.3. Múinteoirí a Thoghadh chun an Tríú Comhairle

I gcomhréir le *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Comhaltaí a Thoghadh), 2008*, arna leasú ag *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Comhaltaí a Thoghadh) (Leasú), 2011*, eagraíodh toghcháin chun 16 phost na múinteoirí tofa a líonadh (naoi bpost bun scoile agus seacht bpost iar-bhunscoile) ar an tríú Comhairle, a bheidh in oifig ón 28 Márta 2012 go dtí an 27 Márta 2016.

I gcás cúig cinn de na poist ní bhfuarthas ach ainmniúchán amháin, agus mar sin toghadh an t-iarrthóir gan iomaíocht.

Caitheadh vótaí chun na poist eile a líonadh. Ba é an 20 Márta 2012 an dáta deiridh chun na vótaí a fháil. Rinneadh na vótaí a chomhaireamh an 22 Márta 2012. Toghadh aon mhúinteoir déag sa bhreis ar bhonn na vótaíochta sin. Tá toradh iomlán an toghcháin ar fáil i dTábla 3 thíos.

Tábla 3: Torthaí Thoghcháin na Comhairle Múinteoireachta, 2012 de réir Catagóire agus Toghlach

Catagóir	Toghlach agus Torthaí an Toghcháin	Líon na Suíochán
Bunleibhéal	Connacht/Uladh <ul style="list-style-type: none"> • Bríd Ní Raghallaigh • John Conlon 	2
	Baile Átha Cliath <ul style="list-style-type: none"> • Dympna Mulkerrins • Micheál Ó Gríofa • Eimear Cole 	3
	Laighean <ul style="list-style-type: none"> • Kathleen O'Connor* • Milo Walsh 	2
	An Mhumhain <ul style="list-style-type: none"> • Derbhile de Paor • Diarmuid Ó Murchú 	2
Iar-bhunleibhéal Deonach	Connacht/An Mhumhain/Uladh <ul style="list-style-type: none"> • Noel Buckley • Lily Cronin 	2
	Laighean <ul style="list-style-type: none"> • Bernadine O'Sullivan* • Christopher Maginn* 	2
Iar-bhunleibhéal CGO	Connacht/An Mhumhain/Uladh <ul style="list-style-type: none"> • Fergal McCarthy* 	1
	Laighean <ul style="list-style-type: none"> • Marie Humphries* 	1
Iar-bhunleibhéal Pobal is Cuimsitheach	Connacht/An Mhumhain/Uladh/Laighean <ul style="list-style-type: none"> • Kieran Christie 	1

* tofa gan iomaíocht

Tugadh faoi deara le linn na ballóide poist go raibh earráid chlógrafach san Fhoirm Dhearbhaithe Céannachta Vótálaí a seoladh chuig na múinteoirí. I ndiaidh don Chomhairle comhairle dlí a fháil, cinneadh ballóid eile a eagrú do na múinteoirí a bhí ag vótáil. Tugadh an dara ballóid chun críche roimh an spriocdháta reachtúil d’eagrú an toghcháin. Bhí líon na múinteoirí a chaith vóta íseal, agus tá an Chomhairle tiomanta d’athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné den toghchán.

4.4. Struchtúr na gCoistí

Bhunaigh an Chomhairle roinnt coistí, painéal, meithleacha agus grúpaí comhairleacha, mar a leagtar amach i dTábla 4 thíos, chun cabhrú léi a cuid oibre a dhéanamh. Déantar cur síos ar fheidhmeanna, comhaltas agus taifead tinrimh gach ceann díobh sin in [Aguisín 3](#).

Tábla 4: Coistí, Painéil, Meithleacha agus Grúpaí Comhairleacha na Comhairle

Cur síos	Líon na gComhaltaí	Líon na gCruinnithe a tionóladh
An Coiste Feidhmiúcháin	11	5
An Coiste Imscrúdúcháin	11	5
An Coiste Araíonachta	13	5
An Coiste Clárúcháin	13	5
An Coiste Airgeadais	6	6
An Coiste Oideachais	13	7
An Coiste Iniúcháireachta	5	4
An Painéal Fianaise ar Charachtar	7	10
An Painéal um Iarratais Bhunleibhéil	7	7
An Painéal um Iarratais Iar-Bhunleibhéil	7	11
An Mheitheal um an Athbhreithniú ar an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí	6	3
An Mheitheal ar Ionduchtú agus Promhadh	6	10
An Grúpa Comhairleach ar bhunú Critéar agus Treoirlínte d’Athchoincheapú OTM	5	4

4.5. Rialachas Corparáideach

Tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas corparáideach agus tá treoirlínte na Roinne Airgeadais um rialachas Comhlachtaí Stáit á gcur i bhfeidhm go gníomhach aici. Tá córas de rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ag an gComhairle trí mheán an Choiste Iniúcháireachta, agus rinne sí a tuarascáil bhliantúil agus a cuntais airgeadais iniúchta a fhoilsiú. Lena chois sin, d’fhorbair sí córas measúnaithe agus bainistíochta riosca, *Cód Iompair do chomhaltaí agus d’fhoireann na Comhairle agus Cód Iompair na Comhairle do chomhaltaí na Comhairle, don Chathaoirleach, don Stiúrthóir agus don Rúnaí*. Tá nósanna imeachta a bhaineann le leasanna a nochtadh agus ceanglais na nAchtanna

um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh san áireamh i socruithe rialachais chorparáidigh na Comhairle.

Rinneadh measúnú seachtrach ar shocruithe rialachais chorparáidigh na Comhairle sa bhliain 2010 agus cuireadh na hathruithe molta i bhfeidhm.

4.6. Bainistíocht Acmhainní

4.6.1. Acmhainní Daonna

D'fhan an leibhéal foirne ceadaithe amhail an 27 Márta 2012 ag 28.5 post. Rinneadh baill foirne gníomhaireachta shealadacha a fhrúiliú le linn tréimhsí an-ghnóthach i rith na bliana tuairiscithe, mar shampla, nuair a bhí líon ard clárúchán le hathnuachan ag aon am amháin, agus le linn an tsamhraidh nuair a chláraigh na céimithe nua.

Tá brú suntasach ar an gComhairle Múinteoireachta ó thaobh líon foirne de mar gheall ar an moratóir ar earcaíocht san earnáil phoiblí. Tiocfaidh borradh faoi fheidhmeanna na Comhairle nuair a chuirfear tosach feidhme le hait neamhthosaithe an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, agus ní mór cur le cumas agus le hacmhainní na heagraíochta chun a chinntiú go mbeidh sí in ann a dualgais a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach. Chuir an Chomhairle togra i ndáil le líon méadaithe foirne agus struchtúr leasaithe foirne, atá ag teastáil chun go mbeidh ar a cumas tabhairt faoi na feidhmeanna breise a bheartaítear tosach feidhme a chur leo sa bhliain 2012 agus sna blianta dá héis, faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Thacaigh an Roinn leis an aighneacht sin, agus seoladh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í lena ceadú.

Chuaigh an Coiste Comhpháirtíochta Foirne i gcomhairle faoi roinnt saincheisteanna a bhain le seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus beartais foirne.

Rinneadh ullmhúcháin le linn na bliana tuairiscithe do thabhairt isteach córas Feidhmíochta agus Forbartha Foirne sa chéad bhliain tuairiscithe eile.

Tá struchtúr bainistíochta agus eagraíochta na Comhairle ar fáil in [Aguisín 1](#).

4.6.2. Cúrsaí Airgeadais

Ba é €4.01 milliún caiteachas na Comhairle do bhliain airgeadais 2011. Bhain na príomh-mhíreanna caiteachais le costais foirne, cíós ar áitribh, postas, foilseacháin agus costais TF. Ba é €7.05 milliún an t-ioncam (glan ó cháin) don tréimhse, a bhain den chuid is mó le táillí clárúcháin agus táillí measúnaithe cáilíochta. Is é an chúis leis an mbarrachas an mhoill a bhí i gceist le tosach feidhme a chur le roinnt alt de chuid an [Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001](#) agus an caiteachas a bhainfeadh leo a bheith curtha ar athló dá réir. De réir mar a chuirfear tosach feidhme leis na feidhmeanna nua sin, tiocfaidh méadú suntasach ar na costais a bhainfidh le sainchúram reachtúil na Comhairle a chomhlíonadh. Úsáidfeadh an barrachas reatha chun na costais oibriúcháin bhreise sin a ghlanadh. Lena chois sin, déanfar cuid den ioncam barrachais sin a choinneáil siar chun dliteanais dhlíthiúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo a íoc.

Tá sruth ioncaim na Comhairle níos soiléire anois agus é beartaithe go gcuirfear tosach feidhme le hAlt 30 (clárú éigeantach) den [Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001](#) i rith na scoilbhliana 2012/13. I bhfianaise sin, sheasamh buiséid na Comhairle don bhliain 2012 agus an bharrachais charntha atá ann faoi láthair, chinn an Chomhairle moladh a chur faoi bhráid an

Aire Oideachais agus Scileanna gur chóir an táille athnuachana clárúcháin bhliantúil a laghdú go €65 le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Déantar cur síos níos mionsonraithe air sin in Alt 1.1.7.

Tá Ráitis Airgeadais Iniúchta na Comhairle ar fáil in [Aguisín 5](#).

4.6.3. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Lean an Chomhairle di ag forbairt agus ag leathnú a córas TFC le bliain anuas. Rinneadh athruithe breise ar an bpróiseas um athnuachan clárúcháin ar líne chun athnuachaintí a éascú. Cuireadh ar chumas múinteoirí cláraithe a gcuid mionsonraí teagmhála agus fostaíochta a nuashonrú ar líne. Suiteáladh córas um ghlaonna a thaifeadadh agus tosaíodh ag taifeadadh na nglanna uile i mí Aibreáin 2011. Thosaigh an Chomhairle ag úsáid córas gréasánbhunaithe a fhágann gur féidir le comhaltaí na Comhairle rochtain a fháil ar mhiontuairiscí agus ar chlár cruinnithe ar líne. Beartaítear úsáid níos mó a bhaint as an gcóras seo sa bhliain amach romhainn, agus laghdófar costais phoist agus fótachóipeála dá bharr.

4.7. Cumarsáid le Páirtithe Leasmhara

Tá clár cumarsáide cuimsitheach i bhfeidhm ag an gComhairle atá dírithe ar chumarsáid leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear múinteoirí, comhlachtaí ionadaíocha, ceardchumann múinteoirí agus gníomhaireachtaí eile a bhíonn ag obair san earnáil oideachais, a chur chun cinn agus a fheabhsú. Déantar monatóireacht ar an gclár seo go tráthrialta chun a chinntiú go n-úsáidtear na modhanna cumarsáide is éifeachtúla, is éifeachtaí agus is cuí. Tuigeann an Chomhairle go bhfuil dúshlán fós le sárú aici sa réimse seo, agus d'aithin sí roinnt gníomhartha i bplean straitéiseach 2012-2014 chun aghaidh a thabhairt orthu sin. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhthionscnaimh chumarsáide a cuireadh i gcrích i rith na bliana tuairiscithe.

4.7.1. Daoine Teagmhála na Comhairle Múinteoireachta

I mí Aibreáin 2009, tugadh cuireadh do mhúinteoirí cláraithe iad féin a thairiscint chun gníomhú mar dhaoine teagmhála idir an Chomhairle agus foirne teagaisc a scoileanna. Beartaítear go mbeidh múinteoir cláraithe amháin i ngach scoil ag gníomhú mar Dhuine Teagmhála na Comhairle Múinteoireachta (DTCM), a ghlacfaidh páirt i gcomhairliúcháin na Comhairle faoi pholasaithe agus a dhéanfaidh cinnte go scaipfear foilseacháin agus faisnéis eile ar a gcomhghleacaithe. Ag deireadh na bliana tuairiscithe bhí breis agus 1,369 duine teagmhála ainmnithe. Is ionann sin agus níos mó ná aon trian de scoileanna, mar a léirítear i dTábla 5 thíos:

Tábla 5: Daoine Teagmhála na Comhairle Múinteoireachta


Earnáil	Líon na scoileanna	Líon na DTCManna	% na scoileanna le DTCM	Líon na DTCManna is Príomhoidí	% na DTCManna is Príomhoidí
Bunleibhéal	3,305	1,069	32%	519	49%
Iar-bhunleibhéal (CGO agus Breisoideachas san áireamh)	729	300	41%	91	30%
Iomlán	4,034	1,369	34%	610	45%

Ba dhaoine teagmhála iad thart ar 75% de na múinteoirí a d'fhreastail ar chomhdháil náisiúnta na Comhairle sa bhliain 2011.

4.7.2. Foilseacháin

D'eisigh an Chomhairle na foilseacháin seo a leanas le linn na bliana tuairiscithe:

- a) I mí an Mhárta 2011, d'fhoilsigh an Chomhairle *Further Education: General and Programme Requirements for the Accreditation of Teacher Education Qualifications*, ina leagtar amach na riachtanais nach mór do sholáthraithe clár iad a chomhlíonadh má tá siad ag iarraidh go ndéanfaidh an Chomhairle a gclár oideachas múinteoirí don Earnáil Bhreisoideachais a chreidiúnú.
- b) I mí an Mheithimh 2011, d'fhoilsigh an Chomhairle a *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*, ina leagtar amach an fhís atá aici d'oideachas múinteoirí ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora, ó oideachas tosaigh múinteoirí go hionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach.
- c) Ba i mí an Mheithimh 2011 chomh maith a d'fhoilsigh an Chomhairle *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirínte do Sholáthraithe Clár*, ina leagtar amach critéir na Comhairle do chlár den sórt sin.
- d) I mí Lúnasa 2011 foilsíodh an *Lámhleabhar Clárúcháin do Mhúinteoirí Nua-Cháilithe (MNCanna)* agus soláthraíodh é mar chuid den phróiseas clárúcháin sruthlínithe a chuirtear ar fáil do chéimithe.
- e) I mí na Samhna 2011, d'fhoilsigh an Chomhairle doiciméad comhairliúcháin ar *Proposed Teaching Council Requirements for Entry onto a Programme of Initial Teacher Education (Post-Primary)*.
- f) Foilsíodh dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil leasaithe i mí na Samhna 2011. Forbraíodh dréacht eile den Chód i ndiaidh próiseas comhairliúcháin, agus tionscnaíodh an dara céim chomhairliúcháin ag deireadh na bliana tuairiscithe. Glacadh an *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* leasaithe i mí na Bealtaine 2012.
- g) Foilsíodh *Tuarascáil Bhliantúil 2010/2011* na Comhairle i mí na Nollag 2011. Ba í sin an cúigiú tuarascáil bhliantúil ón gComhairle, agus leagadh amach inti an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn na bliana tuairiscithe sin, dar críoch an 27 Márta 2011.



- h) Foilsíodh doiciméad comhairliúcháin i mí Eanáir 2012 inar leagadh amach na príomhghnéithe den tsamhail bheartaithe ionductúcháin agus promhaidh.
- i) I mí Feabhra 2012, d'fhoilsigh an Chomhairle a dara Plean Straitéiseach dar teideal *Ré Nua don Ghairmiúlacht: Fás, Forbairt agus Foghlaim 2012–2014*. Leagtar amach sa phlean tosaíochtaí straitéiseacha agus treo straitéiseach na Comhairle, chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sí a ról suntasach maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na múinteoireachta in Éirinn.
- j) I mí an Mhárta 2012, d'fhoilsigh an Chomhairle a *Polasaí Taighde* leasaithe, ina leagtar amach creat do stiúradh agus do choimisiúnú taighde ag an gComhairle ar ábhair a bhaineann lena cuid feidhmeanna.
- k) D'fhoilsigh an Chomhairle dhá thuarascáil ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) sa bhliain 2011/12, a bhain le *Continuing Professional Development Among Primary Teachers in Ireland* agus *Job Satisfaction and Occupational Stress among Primary School Teachers and School Principals in Ireland*.
- l) Chuir an Chomhairle le leabhrán faisnéise nuashonraithe *GradIreland Teaching and Education 2012* chun cabhrú le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn.

4.7.3. Suíomh Gréasáin Corparáideach

Athdhearadh suíomh gréasáin na Comhairle, www.oide.ie, chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le feidhmeanna leathnaithe na heagraíochta agus chun suíomh a sholáthar a bheadh níos fusa le húsáid. Cuireadh an suíomh ar fáil don phobal i mí an Mheithimh 2011.

Ar an meán, thug 5,438 cuairteoir in aghaidh na seachtaine cuairt ar an suíomh gréasáin i rith na bliana tuairiscithe. Ba é 10,500 cuairteoir an líon cuairteoirí is airde, a thug cuairt le linn na buaicthréimhse athnuachana i mí an Mhárta 2011.

4.7.4. Ríomhphoist Faisnéise

Sheol an Chomhairle 17 ríomhphost nuachta chuig múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile i rith na bliana. Bhain na ríomhphoist sin le hábhair éagsúla, ina measc:

- Ráiteas ón gComhairle faoin laghdú beartaithe ar liúntais cháilíochta
- Comhairliúchán faoin dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus samhail ionductúcháin agus promhaidh.
- Fógraí toghcháin
- An Bille Oideachais (Leasú), 2012 agus tosach feidhme Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.
- Plean Straitéiseach 2012-2014 nua na Comhairle
- Tuairisc Bhliantúil 2010/2011
- Lá Domhanda na Múinteoirí 2011

- Comhdháil na Comhairle Múinteoireachta
- Riachtanas seirbhíse nua i ndáil le promhadh
- Critéir chreidiúnúcháin nua do chlár oideachas múinteoirí
- Tuairiscí ar athbhreithniú agus creidiúnú clár reatha OTM
- Creidiúnú gairmiúil cáilíochtaí oideachas múinteoirí san earnáil bhreiseoideachais.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí níos mó ná 61,000 seoladh ríomhphoist taifeadta leis an gClár Múinteoirí. Moltar do na múinteoirí uile seoladh ríomhphoist a thaifeadadh leis an gClár ionas gur féidir iad a choinneáil ar an eolas faoi obair na Comhairle agus faoi aon mhír thábhachtach nuachta.

4.7.5. *Idirchaidreamh le Comhlachtaí Ionadaíocha*

Tá an Chomhairle tiomanta don chaidreamh lenár gcomhpháirtithe oideachais a fhorbairt agus a choinneáil.

Freastalaíonn an Stiúrthóir agus baill eile foirne ar roinnt comhdhálacha, seimineár agus cruinnithe chun an aidhm sin a chur chun cinn. Ina theannta sin, tá an Chomhairle tiomanta do phlé a dhéanamh le páirtithe leasmhara faoi fhorbairtí rialála, agus thug plé agus aiseolas i ndáil le saincheistanna cosúil le grinnfhiosrú Garda, oideachas múinteoirí don earnáil bhreiseoideachais agus riachtanais nach mór a chomhlíonadh chun clárú leis an gClár, treoir d'obair na Comhairle sna réimsí sin le linn na bliana tuairiscithe.

4.8. **Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí**

Tá an Chomhairle faoi réir cheanglais an *Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997*, an *Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003*, an *Achta um Chosaint Sonraí, 1988* agus an *Achta um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003*. Fuarthas iarratas amháin ar fhaisnéis faoi na hAchtanna SF le linn na bliana tuairiscithe.

4.9. **An Ghaeilge**


Déanann an Chomhairle socrú ar leith chun a cuid seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Tugann forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 treoir di san obair sin. Tá an Chomhairle tiomanta do chinntiú go dtabharfaidh cainteoir líofa Gaeilge freagra i nGaeilge ar gach píosa cumarsáide a fhaightear sa Ghaeilge, ar ríomhphost, sa phost nó ar ghuthán.

4.10. **Sláinte agus Sábháilteacht**

Bhuail an mheitheal foirne Sláinte agus Sábháilteachta le chéile trí huair le linn na bliana tuairiscithe agus cuireadh oiliúint orthu chun go bhféadfaidís gníomhú mar Ionadaithe Sábháilteachta. Ceannaíodh trealamh sábháilteachta, lena n-áirítear dífhibrileoirí, i gcomhréir leis an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a tiomsaíodh de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

AGUISÍN 1

Bainistíocht na Comhairle agus Struchtúr na hEagraíochta amhail an 27 Márta 2012



AGUISÍN 2

Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta amhail an 27 Márta 2012

Tá 37 gcomhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta a bhíonn ag gníomhú mar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin na Comhairle ar bhonn deonach. Is é seo a leanas comhdhéanamh na Comhairle:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr tofa agus beirt ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iar-bhunscoile (seachtar tofa agus ceathrar ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 2 ainmnithe ag coláistí oideachais
- 2 ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- 4 ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal bunscoile agus beirt ag leibhéal iar-bhunscoile)
- 2 ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine ag leibhéal bunscoile agus duine ag leibhéal iar-bhunscoile)
- 5 ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine a dhéanann ionadaíocht do IBEC agus duine a dhéanann ionadaíocht do ICTU).

Bhuail an Chomhairle le chéile 9 n-uaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos. Tháinig téarma oifige na Comhairle seo chun deiridh an 27 Márta 2012.

Comhalta	Catagóir	Earnáil	Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Michael Barry	Ainmní	ASTI	8
Mary Brennan	Tofa	Bunscoileanna	6
Noel Buckley	Tofa	Meánscoileanna Deonach	8
Antoinette Buggle	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal)	3
Christy Carroll	Tofa	Bunscoileanna	8

Jerry Cronin	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Iar-Bhunleibhéal)	6
Lily Cronin (Cathaoirleach)	Tofa	Meánscoileanna Deonach	8
Elaine Devlin	Ainmní	ASTI	8
Oliver Donohoe	Ainmní	Aire (ICTU)	4
Emer Egan	Ainmní	Aire	8
Ciarán Flynn	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Iar-Bhunleibhéal)	9
Eileen Flynn	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal)	6
An Dr Jim Gleeson	Ainmní	Ollscoileanna agus Coláistí Tríú Leibhéal Ainmnithe	9
An tOllamh Kathy Hall	Ainmní	Ollscoileanna agus Coláistí Tríú Leibhéal Ainmnithe	5
Susie Hall	Tofa	Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha	8
An Dr Pádraig Hogan	Ainmní	Aire	8
Micheál Kilcrann	Tofa	Bunleibhéal	8
Vivienne MacSweeney	Ainmní	TUI	6
Christopher Maginn	Tofa	Meánscoileanna Deonach	7
Gerry Malone (Leas-Chathaoirleach)	Ainmní	INTO	9
An Dr Kevin Marshall	Ainmní	Aire (IBEC)	1
Anita McCann	Ainmní	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal)	3
Fergal McCarthy	Tofa	Gairmscoileanna	8
Anne McElduff	Ainmní	INTO	9
Pat McQuaile	Tofa	Gairmscoileanna	7
Dympna Mulkerrins	Tofa	Bunscoileanna	9
Micheál Ó Gríofa	Tofa	Bunscoileanna	9
Alice O'Connell	Tofa	Bunscoileanna	6
Maree O'Connell	Tofa	Bunscoileanna	5
An Dr Anne O'Gara	Ainmní	Coláistí Oideachais	5

Tim O'Meara	Ainmní	TUI	8
Bernadine O'Sullivan	Tofa	Meánscoileanna Deonach	8
Eleanor Petrie	Ainmní	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-Bhunleibhéal)	4
An Dr Seán Rowland	Ainmní	Aire	5
Seán Rowley	Tofa	Bunscoileanna	9
An Dr Pauric Travers	Ainmní	Coláistí Oideachais	8
Milo Walsh	Tofa	Bunscoileanna	9

AGUISÍN 3

Coistí, Painéil, Meithleacha agus Grúpaí Comhairleacha na Comhairle

Bhunaigh an Chomhairle roinnt coistí, painéal, meithleacha agus grúpaí comhairleacha chun cabhrú léi a cuid oibre a dhéanamh. Déantar cur síos ar a bhfeidhmeanna, a gcomhaltas agus a dtaifid tinrimh le linn na bliana tuairiscithe.

An Coiste Feidhmiúcháin

Is é ról an Choiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil éifeachtach na Comhairle a éascú trí ghnó na Comhairle a stiúradh idir cruinnithe ginearálta. Is iad seo a leanas roinnt dá fheidhmeanna sonracha:

- Sásra comhordúcháin a chur ar fáil chun déileáil le saincheistanna uileghabhálacha, de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn
- Gníomhú thar ceann na Comhairle nuair nach féidir cruinniú ginearálta den Chomhairle a eagrú mar gheall ar shrianta ama nó imthosca eile
- Orduithe eatramhacha a dhéanamh thar ceann na Comhairle i gcásanna práinneacha nuair nach féidir leis an gComhairle bualadh le chéile ar gearrfhógra
- Moltaí a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid na Comhairle i ndáil le bunú, comhaltas, téarmaí tagartha agus buanú coistí;
- Moltaí a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid na Comhairle i ndáil lena straitéis chumarsáide
- Tuairisciú don Chomhairle ar bhonn tráthrialta.

Bhí an 11 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Feidhmiúcháin amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Lily Cronin (Cathaoirleach)	5
Noel Buckley	5
Emer Egan	4
Ciarán Flynn	3
An Dr Jim Gleeson	5
Gerry Malone	5
Fergal McCarthy	4
Anne McElduff	4
Pat McQuaile	3
An Dr Seán Rowland	4
Seán Rowley	5

An Coiste Imscrúdúcháin

Nuair a chuirfear tosach feidhme le Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, féadfaidh an Chomhairle nó duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdúcháin go ndéanfar feidhmiúlacht chun múineadh múinteora chláraithe a fhiosrú, i gcás na n-imthosca seo a leanas:

- Níor chomhlíon an múinteoir nó sháraigh an múinteoir an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000 nó na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999 nó aon rialachán, riail nó ordú arna dhéanamh nó arna déanamh faoi na hAchtanna sin
- Is mí-iompar gairmiúil mar a mhínítear leis an Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 iompar an mhúinteora
- Tá clárú an mhúinteora mícheart mar gheall ar dhearbhú nó mífhaisnéis a bhí bréagach nó calaoiseach, nó
- Tá an múinteoir neamhfheidhmiúil chun múineadh de dheasca cúrsaí leighis.

Ní ghlacfaidh an Coiste páirt de ghnáth i ngnáth-chúrsaí conarthacha nó araíonachta ná ní éistfidh sé le gearáin is cuí déileáil leo ag an leibhéal áitiúil. Tarchuirfidh an Coiste iarratas chuig an gCoiste Araíonachta i gcás ina measfar gur cuí sin a dhéanamh.

Bhí an 11 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Imscrúdúcháin amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Coiste le chéile cúig huairé (i gcomhpháirt leis an gCoiste Araíonachta), agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Gerry Malone (Cathaoirleach)	5
Antoinette Buggle	1
Elaine Devlin	5
Oliver Donohoe	3
Ciarán Flynn	4
Vivienne MacSweeney	5
Anita McCann	1
Dympna Mulkerrins	4
Tim O'Meara	5
Bernadine O'Sullivan	5
Milo Walsh	5

An Coiste Araíonachta

Déanfaidh painéal ón gCoiste Araíonachta gearáin a dtarchuirfidh an Coiste Imscrúdúcháin chuige a éisteacht. Tionólfar an éisteacht sin de réir Alt 43 agus Sceideal 3 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2011 agus na rialacha agus na nósanna imeachta lena mbaineann a bhunaigh an Chomhairle. Ar bhonn na héisteachta, cinnfidh an painéal go bhfuil an múinteoir neamhfheidhmiúil chun múineadh nó déanfaidh sé an t-iarratas a dhíbhe.

Tabharfaidh an painéal tuairisc don Choiste Araíonachta.

I gcás go gcinneadh go bhfuil múinteoir neamhfheidhmiúil chun múineadh, féadfaidh an Coiste a chinneadh an múinteoir a chur ar fionraí ón gClár nó a bhaint de nó coinníollacha a chur i bhfeidhm ar chlárú an mhúinteora.

Bhí na 13 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Araíonachta amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Coiste le chéile cúig huairé (i gcomhpháirt leis an gCoiste Imscrúdúcháin), agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Lily Cronin (Cathaoirleach)	4
Christy Carroll	4
Eileen Flynn	3
An Dr Jim Gleeson	1
An Dr Pádraig Hogan	3
Christy Maginn	4
Pat McQuaile	0
Fergal McCarthy	3
Alice O'Connell	4
Maree O'Connell	5
Micheál Ó Gríofa	4
Eleanor Petrie	2
An Dr Seán Rowland	1

An Coiste Clárúcháin

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar an gComhairle faoi na cúrsaí uile a bhaineann le múinteoirí a chlárú leis an gComhairle agus déanann sé moltaí i dtaca leo. Áirítear ar an obair sin comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Na rialacháin a rialaíonn clárú
- Na próisis a úsáidtear chun na rialacháin sin a chur i bhfeidhm
- An próiseas a úsáidtear chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí painéil
- Comhdhéanamh agus téarmaí tagartha na bPainéal um Iarratais Bhunleibhéil agus Iarbhunleibhéil agus an Painéal Fianaise ar Charachtar
- Measúnóirí a cheapadh chun cabhrú leis na Painéil um Iarratais agus leis an bpróiseas um Athbhreithniú a dhéanamh ar Chinntí
- Comhairle a chur ar an gComhairle faoi chineál an deimhniúcháin a eiseofar

- Critéir agus treoir do mheasúnú cáilíochtaí chun a dhearbhu cibé ar chóir nó nár chóir duine a chlárú
- Saincheisteanna a bhaineann le Fianaise ar Charachtar agus promhadh.

Déanann an Coiste Clárúcháin athbhreithniú freisin, thar ceann na Comhairle, ar chinntí a dhéanann na Painéil um Iarratais Bhunleibhéil agus Iar-bhunleibhéil agus an Painéal Fianaise ar Charachtar faoi iarratais ar chlárú i gcás go n-iarrann an t-iarrthóir é. Déanann sé é sin i gcomhréir leis an bPróiseas um Athbhreithniú a dhéanamh ar Chinntí a ghlac an Chomhairle. Is féidir doiciméad faoin bpróiseas sin a íoslódáil ó www.oide.ie.

Bhí na 13 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Clárúcháin amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Seán Rowley (Cathaoirleach)	5
Michael Barry	5
Jerry Cronin	4
Oliver Donohoe	3
Ciarán Flynn	4
An tOllamh Kathy Hall	3
Micheál Kilcrann	3
An Dr Kevin Marshall	0
Fergal McCarthy	5
Dympna Mulkerrins	4
An Dr Anne O'Gara	2
Tim O'Meara	5
Bernadine O'Sullivan	5

An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar chúrsaí airgeadais na Comhairle, lena n-áirítear an buiséad bliantúil a ullmhú, monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas agus socruithe riaracháin ginearálta na Comhairle a mhaoirsiú.

Áirítear ar a feidhmeanna:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na Comhairle agus tuairisciú orthu
- An buiséad bliantúil a bhreithniú
- Ioncam agus caiteachas iarbhír a athbhreithniú agus a chur i gcomparáid lena bhfuil sa bhuiséad ag eatraimh thráthrialta, shonraithe i rith thimthriall bliantúil an bhuiséid, agus a chinntiú go n-ullmhaítear buiséad leasaithe más gá
- Eisíoc airgid a mhaoirsiú

- Moltaí faoi tháillí na Comhairle a athbhreithniú agus a dhéanamh
- Teagmháil a dhéanamh leis na hiniúcháirí agus cuntais a ullmhú dóibh, agus tuairisciú don Chomhairle ar chúrsaí airgeadais na Comhairle.

Bhí na 6 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Airgeadais amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Coiste le chéile 6 huairé, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Fergal McCarthy (Cathaoirleach)	6
Mary Brennan	5
Noel Buckley	5
Antoinette Buggle	2
Oliver Donohoe (comhthofa Deireadh Fómhair 2011)	2
An Dr Kevin Marshall	0
Anita McCann	3

An Coiste Oideachais

Tá sé de fhreagracht ar an gcoiste seo aighneachtaí a dhréachtú agus moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle i ndáil le roinnt réimsí a bhaineann le hobair na Comhairle, lena n-áirítear:

- Na caighdeáin oideachais agus oiliúna nach mór dóibh a bheith bainte amach ag na daoine a fhreastalaíonn ar chlár oideachas múinteoirí sa Stát agus athbhreithniú agus creidiúnú na gclár sin
- Athbhreithniú ar na caighdeáin eolais, oilteachta agus inniúlachta a bhfuil gá leo chun dul i mbun na múinteoireachta
- Cúrsaí a bhaineann le comhaltaí nua a ionductú sa ghairm;
- Oideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn
- Clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a athbhreithniú agus a chreidiúnú
- Cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a dhréachtú agus a athbhreithniú;
- Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn i measc daoine a d'fhéadfadh a roghnú dul leis an ngairm
- Polasaí taighde na Comhairle.

Bhí na 13 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Oideachais amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Coiste le chéile 7 n-uairé, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Noel Buckley (Cathaoirleach)	7
Christy Carroll	6
Jerry Cronin	4
Emer Egan	6
An Dr Jim Gleeson	6
An tOllamh Kathy Hall	6
Susie Hall	6
An Dr Pádraig Hogan	6
Micheál Kilcrann	6
Vivienne MacSweeney	3
Micheál Ó Gríofa	7
Tim O'Meara	7
An Dr Pauric Travers	4

An Coiste Iniúcháireachta

Déanann an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar chórais, rialuithe airgeadais agus nósanna imeachta na Comhairle chun a chinntiú go n-oibríonn siad ar bhealach ordúil, éifeachtúil.

Bhí an cúigear comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Iniúcháireachta amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Coiste le chéile 4 huairé, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Ciarán Flynn (Cathaoirleach)	3
Michael Barry	4
Mary Brennan	3
Emer Egan	4
Vivienne MacSweeney	4

An Painéal Fianaise ar Charachtar

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhFianaise ar Charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú leis an gComhairle mar mhúinteoirí. Déanann sé an obair sin i gcomhréir le treoirlínte a d'fhaomh an Chomhairle.

I gcás go gcinneadh an Painéal nach cuí iarratasóir a chlárú ar bhonn na fianaise ar charachtar a cuireadh ar fáil, cuirfidh an Painéal a chinneadh, agus na cúiseanna leis, in iúl don iarratasóir, mar aon leis na gníomhartha a d'fhéadfadh an t-iarratasóir a dhéanamh ag an bpointe sin.

Bhí an seachtar comhaltaí seo a leanas ar an bPainéal Fianaise ar Charachtar amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Painéal le chéile 10 n-uaire, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Eleanor Petrie (Cathaoirleach)	8
Antoinette Buggle	4
Elaine Devlin	8
Oliver Donohoe	1
Maree O'Connell	6
Tim O'Meara	10
Milo Walsh	10

An Painéal um Iarratais Bhunleibhéil

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil bhunoideachais. Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhí an seachtar comhaltaí seo a leanas ar an bPainéal um Iarratais Bhunleibhéil amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Painéal le chéile 7 n-uaire, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Micheál Ó Gríofa (Cathaoirleach)	7
Christy Carroll	5
Emer Egan	4
Christy Maginn	6
Anita McCann	2
Seán Rowley	7
An Dr Pauric Travers	3

An Painéal um Iarratais Iar-Bhunleibhéil

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil iar-bhunoideachais (lena n-áirítear breisoideachas). Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhí an seachtar comhaltaí seo a leanas ar an bPainéal um Iarratais Iar-Bhunleibhéil amhail an 27 Márta 2012. Bhuail an Painéal le chéile 11 uair, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

Comhaltaí	Tinreamh
Bernadine O'Sullivan (Cathaoirleach)	10
Michael Barry	10
Mary Brennan	11
Lily Cronin	3*
Susie Hall	4*
An Dr Pádraig Hogan	7
Vivienne MacSweeney	8

**Chuaigh Lily Cronin ar lánscoir ón bPainéal i mí Mheán Fómhair 2011 i ndiaidh di a bheith tofa ina Cathaoirleach ar an gComhairle, agus tháinig Susie Hall i gcomharbacht uirthi i mí na Nollag 2011.*

Meithleacha agus Grúpaí Comhairleacha

Bunaíodh roinnt Meithleacha/Grúpaí Comhairleacha le cois na gcoistí agus na bPainéal a ndéantar tagairt dóibh thuas chun tabhairt faoi thionscadail ar leith. Déantar cur síos thíos ar chomhaltas gach ceann de na grúpaí sin agus ar líon na gcruinnithe a tionóladh le linn na bliana tuairiscithe.

An Mheitheal um an Athbheithniú ar an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí	
Comhaltaí Noel Buckley Jerry Cronin Emer Egan Jim Gleeson Susie Hall Micheál Ó Gríofa	Tionóladh 3 chruinniú
An Mheitheal ar Ionduchtú agus Promhadh	
Comhaltaí Noel Buckley Jerry Cronin Emer Egan Jim Gleeson Susie Hall Fergal McCarthy Micheál Ó Gríofa Seán Rowley	Tionóladh 10 gcruinniú

**An Grúpa Comhairleach ar bhunú Critéar agus Treoirínte d'ATHCHOINCEAPÚ
OIDEACHAS TOSAIGH MÚINTEOIRÍ****Comhaltaí**

Lily Cronin

Emer Egan

An Dr Jim Gleeson

An Dr Anne O'Gara

An Dr Pauric Travers

An Dr Alan Wall (An Roinn Oideachais
agus Scileanna)

Tionóladh 4 chruinniú

AGUISÍN 4

Costais Chomhaltaí na Comhairle 2011

Íoctar costais le comhaltaí na Comhairle i leith taistil ó áit chónaithe nó áit oibre an chomhalta chuig cruinnithe a bhaineann leis an gComhairle. Tionóladh formhór na gcruinnithe sa bhliain 2011 i Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Ní íoctar táillí ar bith le comhaltaí na Comhairle seachas costais taistil agus cothaithe.

Leagtar amach thíos mionsonraí na gcostas taistil agus cothaithe a íocadh le comhaltaí na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe. Ní mór a aibhsiú nach mbaineann líon na gcruinnithe a luaitear sa cholún deiridh ach le cruinnithe Comhairle agus Coiste agus go bhfuil seans ann gur fhreastail comhaltaí an Choiste ar chruinnithe eile thar ceann na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe. Mar shampla, ghlac roinnt comhaltaí den Chomhairle páirt i bpainéil athbhreithnithe nó rinne siad ionadaíocht don Chomhairle ag cruinnithe agus comhdhálacha seachtracha.

Comhalta na Comhairle	Contae cónaithe	€	Líon Iomlán Cruinnithe
Michael Barry	Corcaigh	7,274.04	27
Mary Brennan	Loch Garman	3,524.52	25
Noel Buckley	Tiobraid Árann	8,724.55	38
Antoinette Buggle	Cill Dara	856.51	10
Christy Carroll	Tiobraid Árann	6,940.07	23
Jerry Cronin	Tiobraid Árann	7,533.27	27
Lily Cronin	Ciarraí	12,958.07	24
Elaine Devlin	Lú	3,271.59	21
Oliver Donohoe	Baile Átha Cliath	0	13
Emer Egan	Baile Átha Cliath	0	43
Ciarán Flynn	Baile Átha Cliath	1,488.56	23
Eileen Flynn	Cill Dara	301.26	9
Jim Gleeson	Luimneach	0	38
Susie Hall	Baile Átha Cliath	1,168.93	31
An tOllamh Kathy Hall	Port Láirge	4,955.59	14
An Dr Pádraig Hogan	Cill Dara	0	24
Micheál Kilcrann	Baile Átha Cliath	1,037.20	17
Vivienne MacSweeney	Corcaigh	6,604.32	26

Christopher Maginn	Baile Átha Cliath	2,406.89	17
Gerry Malone	Lú	4,180.57	19
An Dr Kevin Marshall	Baile Átha Cliath	166.03	1
Anita McCann	Lú	0	9
Fergal McCarthy	Corcaigh	10,113.49	36
Anne McElduff	Baile Átha Cliath	941.89	13
Pat McQuaile	Lú	1,156.68	10
Dympna Mulkerrins	Baile Átha Cliath	2,335.37	17
Alice O'Connell	Corcaigh	3,927.76	10
Maree O'Connell	Gaillimh	2,381.56	16
An Dr Anne O'Gara	Baile Átha Cliath	1,129.81	11
Micheál Ó Gríofa	Baile Átha Cliath	1,865.19	40
Tim O'Meara	Tiobraid Árann	8,976.22	35
Bernadine O'Sullivan	Baile Átha Cliath	1,294.18	28
Eleanor Petrie	Baile Átha Cliath	870.76	14
An Dr Seán Rowland	Baile Átha Cliath	0	10
Seán Rowley	Maigh Eo	8,712.79	26
An Dr Pauric Travers	Baile Átha Cliath	1,032.42	19
Milo Walsh	Port Láirge	6,477.66	24
iomlán		124,607.75	

AGUISÍN 5

Ráitis Airgeadais Iniúchta don bhliain 2011

Ráitis Airgeadais

Cathaoirleach	Lily Cronin	Seoladh Gnó	Bloc A Campas Gnó Mhaigh Nuad Maigh Nuad Co. Chill Dara
Leas-Chathaoirleach	Gerry Malone		
Comhaltaí na Comhairle	Michael Barry Mary Brennan Noel Buckley Antoinette Buggle Christy Carroll Jerry Cronin Elaine Devlin Oliver Donohoe Emer Egan Ciarán Flynn Eileen Flynn Dr Jim Gleeson Prof. Kathy Hall Susie Hall Dr Pádraig Hogan Micheál Kilcrann Vivienne MacSweeney Christopher Maginn Dr Kevin Marshall Anita McCann Fergal McCarthy Anne McElduff Pat McQuaile Dympna Mulkerrins Alice O'Connell Maree O'Connell Dr Anne O'Gara Micheál Ó Gríofa Tim O'Meara Bernadine O'Sullivan Eleanor Petrie Dr Seán Rowland Seán Rowley Dr Pauric Travers Milo Walsh	Iniúcháirí	Anne Brady McQuillans DFK Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe Cúirt Uíbh Eachach Bóthar Fhearchair BÁC 2
		Baincéirí	Banc na hÉireann An Phríomhshráid Maigh Nuad Co. Chill Dara Banc AIB plc An Phríomhshráid Maigh Nuad Co. Chill Dara
		Aturnaetha	Comhpháirtíocht McDowell Purcell Aturnaetha Foirgneamh Chéipil Mainistir Mhuire, BÁC 7 Arthur Cox Aturnaetha Ionad Phort an Iarla Ardán an Iarla, BÁC 2

Clár Ábhar

Tuairisc na Comhairle	53
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle	55
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	56
Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha	57
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	59
Clár Comhardaithe	60
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim	61
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	62

Tuairisc na Comhairle don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Cuireann an Chomhairle, leis seo, a tuairisc i láthair, mar aon leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Príomhghníomhaíocht agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is é príomhghníomhaíocht na Comhairle Múinteoireachta gairm na múinteoireachta a chur chun cinn ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn agus caighdeán i ngairm na múinteoireachta a rialú.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar na gníomhaíochtaí sin i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011.

Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí

Rinne an Chomhairle na rioscaí seo a leanas a mheas agus tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích aici chun na rioscaí seo a bhainistiú i gcás na Comhairle Múinteoireachta:

Riosca Calaoise

Déantar an riosca a mhaolú trí dhualgais a bhaineann le hairgead a fháil agus le creidiúnaithe a íoc a choinneáil deighilte óna chéile. Tá próisis agus rialuithe curtha i bhfeidhm ag an gComhairle chun a dheimhniú go ndéantar seiceáil mhionsonrach ag gach céim, ionas gur féidir cruinneas agus bailíocht na n-idirbheart go léir a chinntiú.

Eilimintí den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nach bhfuil tosach feidhme curtha leo

Níl tosach feidhme curtha le roinnt alt de chuid an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go fóill, rud a chuireann srian le raon feidhme na Comhairle. Níor achtaíodh Alt 30 (Clárú Éigeantach), Cuid V (Feidhmiúlacht chun Múineadh), Alt 39 (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) ná Alt 7.2 (f) agus (g) (Ionduchtú agus Promhadh) go fóill. Tá sé tugtha le fios ag an Aire Oideachais agus Scileanna go gcuirfead tús leis na feidhmeanna a bhaineann le hionduchtú agus Promhadh i mí Mheán Fómhair 2012. Tuigtear don Chomhairle go bhfuil reachtaíocht ag dul tríd an Oireachtas a éascóidh tosach feidhme Alt 30.

Torthaí

Is é barrachas na bliana tar éis dímheas agus cánachas a chur san áireamh €3,038,804 (2010: €3,244,564). Is é an chúis leis an mbarrachas an mhoill a bhí i gceist le tosach feidhme a chur le roinnt feidhmeanna de chuid na Comhairle agus an caiteachas a bhainfeadh leo a bheith curtha ar athló dá réir. A luaithe agus a chuirfead tús leis na feidhmeanna breise sin, tiocfaidh méadú suntasach ar chaiteachas na Comhairle. Úsáidfead an barrachas reatha chun na costais oibríochtúla bhreise sin a ghlanadh agus an táille á coimeád mar atá faoi láthair.

Forbairtí sa Todhchaí

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí reatha. Thug an tAire Oideachais agus Scileanna le fios go gcuirfead tús le feidhmeanna na Comhairle maidir le Promhadh agus Ionduchtú i mí Mheán Fómhair 2012. Tá an próiseas reachtúil a mbeidh tosach feidhme Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (Clárú Éigeantach) mar thoradh air idir lámha faoi láthair.

Leabhair Chuntais

De réir alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint, agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

Iniúcháirí

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúcháirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint in oifig.

Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó ar gá iad a fhaisnéisiú sna ráitis nó sna nótaí sin.

Thar ceann na Comhairle



Lily Cronin
Cathaoirleach



Brendan O'Dea
Stiúrthóir Gníomhach

Dáta: 27 Márta 2012

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle i leith na Ráiteas Airgeadais

Is ar an gComhairle atá an fhreagracht as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

De réir dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ní mór don Chomhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais ina ndéantar cur síos fíor, cothrom ar staid ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici:

- beartais chúí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh
- na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thiomhdiú go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh sí leis na riachtanais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici.

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chúí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Tá an Chomhairle freagrach as an suíomh gréasáin a chothabháil agus a choinneáil slán. Féadfaidh reachtaíocht Phoblacht na hÉireann i ndáil le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann na Comhairle



Lily Cronin
Cathaoirleach



Brendan O'Dea
Stiúrthóir Gníomhach

Dáta: 27 Márta 2012

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

1. Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.
2. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á chur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.
3. Chuir an Chomhairle na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm atá deartha chun a chinntiú go ndéanfaí rialú inmheánach airgeadais éifeachtach:
 - a) déantar cinnte go gcothaítear timpeallacht rialaithe chuí trí chúraimí bainistíochta a shainiú go soiléir, mar aon le nósanna imeachta chun teipeanna rialaithe a aithint agus chun freagairt dóibh
 - b) tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm chun rioscaí gnó eagraíochtúla a aithint agus a mheas
 - c) úsáidtear córas cuimsitheach pleanála agus buiséadaithe agus déantar athbhreithniú míosúil ar threochtaí caiteachais
 - d) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmhligin cosúil le huasteorainneacha údarúcháin arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a fhaomhadh
 - e) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, lena n-áirítear feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúcháireachta.
4. Tugann obair choiste bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta, ar a bhfuil an fhreagracht as an gcóras bainistíochta airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus an Choiste Iniúcháireachta agus na tuairimí a chuireann na hiniúcháirí seachtracha in iúl sa litir bhainistíochta agus sna tuairiscí uathu treoir don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.
5. Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2011.

Thar ceann na Comhairle



Lily Cronin
Cathaoirleach

Date: 27 Márta 2012

Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011, arb ionann iad agus an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhordaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na mbeartas cuntasáochta lena mbaineann.

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Gabhadh don obair iniúcháireachta le gur féidir na nithe is gá a lua do na comhaltaí a lua leo i dtuairisc an iniúcháora agus ní ar mhaithe le haon ní eile. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht i leith aon duine seachas an eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle mar chomhlacht, as an obair iniúcháireachta, as an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid.

Freagrachtaí ar leith na Comhairle agus na nIniúcháirí

Déantar freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais na Comhairle a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasáochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasáochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasáochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) a leagan amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire).

Tuairiscímid daoibh cibé an dtugtar nó nach dtugtar cur síos fíor, cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasáochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn sna ráitis airgeadais, agus cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh iad go cuí de réir Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, inár dtuairim. Tuairiscímid freisin an tuairim atá againn faoi na nithe seo a leanas: ar choimeád an eagraíocht leabhair chúil chuntais; an bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na Comhairle ar aon dul leis na ráitis airgeadais. Luaimid chomh maith cibé an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a raibh gá leo chun críche an iniúchta, agus cibé an dtagann nó nach dtagann ráitis airgeadais na heagraíochta leis na leabhair chuntais.

Déanaimid athbhreithniú chun a fháil amach an léiríonn Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na Comhairle go gcomhlíonann an Chomhairle an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscímid aon chás ábhartha nuair nach dtarlaíonn a leithéid, nó tuairiscímid é má tá an ráiteas míthreorach nó mura bhfuil sé i gcomhréir le faisnéis eile atá ar eolas againn ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní gá dúinn a bhreithniú an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus na rialuithe airgeadais uile, ná tuairim a thabhairt i dtaobh éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialúcháin.

Léimid tuairisc na Comhairle agus déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a bhreithniú má thugaimid aon mhíríteas dealraitheach faoi deara inti.

Bunús na Tuairime Iniúcháireachta

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúcháireachta. Tá san áireamh san iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an faisnéisiú a thuairiscítear sna ráitis airgeadais. Áirítear air, freisin, measúnú ar mheastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus cibé an oireann nó nach n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí na heagraíochta, an gcuirtear nó nach gcuirtear i bhfeidhm go leanúnach iad agus an ndéantar nó nach ndéantar faisnéisiú orthu mar is cuí.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh chun go bhfaighimis gach píosa faisnéise agus míniú a mheasamar a raibh gá leis chun fianaise dhóthanach a chur ar fáil dúinn d'fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó neamhrialtachta nó earráide eile. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar measúnú freisin ar dhóthanacht na slí inar cuireadh an fhaisnéis i láthair sna ráitis airgeadais tríd is tríd.

Tuairim

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugtar léargas fíor, cothrom iontu, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar críoch an lá sin; agus
- gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir cheanglais Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leo chun an t-iniúchadh a dhéanamh. Is é an tuairim atá againn gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é an tuairim atá againn go dtagann an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na Comhairle leis na ráitis airgeadais.

Natalie Kelly (Iniúcháir Reachtúil)
le haghaidh agus thar ceann
Anne Brady McQuillans DFK
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
BÁC 2

27 Márta 2012

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Ioncam			
Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe		6,783,163	6,985,948
Táillí Creidiúnúcháin		15,200	4,000
Ioncam Eile		477	469
Ioncam Iomlán	2	6,798,840	6,990,417
Caiteachas			
Costais Chóiríochta		(263,992)	(273,673)
Costais Foirne		(1,953,259)	(1,990,648)
Costais Eile Riaracháin		(856,165)	(750,138)
Costais Chúrsaí, Chomhdhálacha agus Chruinnithe		(171,459)	(135,248)
Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin		(182,883)	(214,988)
Costais Teicneolaíochta Faisnéise		(132,184)	(135,404)
Costais Chumarsáide agus Oideachais		(332,008)	(274,651)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		3,700	-
Dímheas	7	(124,249)	(117,681)
Caiteachas Iomlán		(4,012,499)	(3,892,431)
Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail		336,743	195,563
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cánachas	3	3,123,084	3,293,549
Cánachas	6	(84,280)	(48,985)
Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais		3,038,804	3,244,564

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. D'éascair toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 62–67.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Márta 2012 agus síníodh iad thar a ceann ag:



Lily Cronin
Cathaoirleach



Brendan O'Dea
Stiúrthóir Gníomhach

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011		2010	
		€	€	€	€
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	7		380,969		422,434
Infheistíochtaí	8		10,594		10,594
			<u>391,563</u>		<u>433,028</u>
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe	9	207,469		23,856	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		10,948,968		8,086,401	
		<u>11,156,437</u>		<u>8,110,257</u>	
Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain	10	(87,792)		(121,881)	
Glansócmhainní Reatha			<u>11,068,645</u>		<u>7,988,376</u>
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha			<u>11,460,208</u>		<u>8,421,404</u>
Cúlchistí					
Cúlchiste Ainmnithe	11		4,000,000		1,500,000
Cúlchistí Ginearálta	11		7,460,208		6,921,404
Iomlán na gCistí			<u>11,460,208</u>		<u>8,421,404</u>

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 62–67.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Márta 2012 agus síníodh iad thar a ceann ag:



Lily Cronin
Cathaoirleach



Brendan O'Dea
Stiúrthóir Gníomhach

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Barrachas oibriúcháin a réiteach le glan- insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas oibriúcháin (roimh ús faighte)		2,786,341	3,097,986
Dímheas		124,249	117,681
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		(3,700)	–
(Méadú) ar fhéichiúnaithe		(183,769)	(19,183)
(Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe		(34,089)	55,133
Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		2,689,032	3,251,617
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim			
Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		2,689,032	3,251,617
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas	14	252,557	146,672
Cánachas	14	62	(97)
Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais	14	(79,084)	(183,653)
Méadú ar airgead tirim sa bhliain		2,862,567	3,214,539
Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí	15		
Méadú ar airgead tirim sa bhliain		2,862,567	3,214,539
Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2011		8,086,401	4,871,862
Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2011		10,948,968	8,086,401

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Márta 2012 agus síníodh iad thar a ceann ag:



Lily Cronin
Cathaoirleach



Brendan O'Dea
Stiúrthóir Gníomhach

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann. Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor, cothrom, na caighdeáin a fhoilsíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus táillí clárúcháin agus measúnaithe a fhaightear i rith na bliana. Tugtar cuntas ar an ioncam/na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltas.

1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré fóna ionchais, mar seo a leanas:

Daingneáin agus Feistis	-10% de réir méid chothroim
Bogearraí Ríomhaire	-20% de réir méid chothroim
Trealamh Ríomhaire	-33.33% de réir méid chothroim

Déantar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain le haghaidh laghdaithe i dtréimhsí más rud é go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhfuil seans ann nach mbeidh an luach anonn in-aisghabhála.

1.4. Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí sócmhainní seasta a lua mar chostas lúide foráil do laghduithe ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí sócmhainne seasta airgeadais, agus aon cháin shiarchoinneálach lena mbaineann, sa chuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain ina ngnóthaítear é.

1.5. Pinsin

Déanann an Chomhairle scéim phinsin le sochar sainithe a fheidhmiú dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus d'fhaomh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Airgeadais í. Déantar sochair phinsin is iníoctha faoin scéim a mhaoiniú as an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt saintréithe faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- tá eilimint fostaí san áireamh sa ranníocaíocht sin i dteannta na heiliminte fostóra. De réir pholasaí an rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D.
- thug an Roinn Oideachais agus Scileanna, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gealltanas follasach go n-íofar costas na sochar as an Státchiste de réir mar a bheidh siad dlite.

Measann an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Comhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gceist i gcás scéimeanna le sochair shainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin, déantar a ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht sainithe í.

1.6. Cánachas

Bunaítear an costas bliantúil cánachais ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é ar bhonn an ráta cánach atá i bhfeidhm dáta an chláir chomhardaithe.

1.7. Cúlchistí Ainmnithe

Chinn an Chomhairle go bhféadfaidh sí, de réir mar is rogha léi féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí. I gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

2. Ioncam

D'eascair ioncam na heagraíochta don bhliain as a príomhghníomhaíocht ar tugadh fúithi go hiomlán in Éirinn.

	2011 €	2010 €
3. Barrachas Oibriúcháin		
Luaitear barrachas oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú:		
Dímheas	124,249	117,681
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	(3,700)	–
Luach saothair na n-íniúcháirí	6,259	6,389
	<u>6,259</u>	<u>6,389</u>
4. Fostaithe	Líon	Líon
An Líon Fostaithe		
Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana:		
Fostaithe	27	27
Fostaithe sealadacha	5	12
Foireann gníomhaireachta	5	0
	<u>37</u>	<u>39</u>
Costais fostaíochta	€	€
Pá agus tuarastail	1,369,286	1,541,465
Costais leasa shóisialaigh	97,826	115,888
Costais ghníomhaireachta	163,516	–
Costais eile foirne	4,362	18,625
Costais phinsean	288,469	290,918
Costais oiliúna foirne	29,800	23,752
	<u>1,953,259</u>	<u>1,990,648</u>

5. Costais Phinsean

Is ionann an costas pinsean agus na ranníocaíochtaí is infíoctha leis an gciste pinsin ag an gComhairle.

6. Cánachas	2011 €	2010 €
Cánachas na bliana reatha		
Cáin Ioncaim	84,280	48,985

Níl an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi dhliteanas cánachais i leith a cuid gníomhaíochtaí. Tá ioncam éighníomhach, más ann, (cosúil le ús ar thaisc) inchánach fós.

7. Sócmhainní Seasta	Daingneáin agus Feistis €	Bogearraí Ríomhaire €	Trealamh Ríomhaire €	Iomlán €
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2011	208,121	319,869	250,390	778,380
Breiseanna	20,048	51,232	11,504	82,784
Diúscairtí	-	-	(18,777)	(18,777)
Amhail an 31 Nollaig 2011	<u>228,169</u>	<u>371,101</u>	<u>243,117</u>	<u>842,387</u>
Dímheas				
Amhail an 1 Eanáir 2011	51,927	121,027	182,992	355,946
Ar dhiúscairtí	-	-	(18,777)	(18,777)
Muirear don bhliain	22,057	70,324	31,868	124,249
Amhail an 31 Nollaig 2011	<u>73,984</u>	<u>191,351</u>	<u>196,083</u>	<u>461,418</u>
Glanluachanna leabhar				
Amhail an 31 Nollaig 2011	<u>154,185</u>	<u>179,750</u>	<u>47,034</u>	<u>380,969</u>
Amhail an 31 Nollaig 2010	<u>156,194</u>	<u>198,842</u>	<u>67,398</u>	<u>422,434</u>

8. Infheistíochtaí	Infheistíochtaí Liostaithe €	Iomlán €
Costas		
Amhail an 1 Eanáir 2011	10,594	10,594
Fuascailt i rith na bliana	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2011	10,594	10,594
Glanluachanna leabhar		
Amhail an 31 Nollaig 2011	10,594	10,594
Amhail an 31 Nollaig 2010	10,594	10,594

Is ionann na hinfeistíochtaí agus stoc agus bannaí éagsúla Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná mar a léirítear thuas.

9. Féichiúnaithe	2011 €	2010 €
Féichiúnaithe eile	207,469	23,856
	2011 €	2010 €
San áireamh sna féichiúnaithe eile: Cáin ioncaim is inaisíoctha	-	156

10. Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain	2011	2010
	€	€
Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí	18,139	64,006
Fabhruithe	69,653	57,875
	<u>87,792</u>	<u>121,881</u>
San áireamh sna cánacha eile agus sna costais slándála sóisialaí:		
CBL	-	4,014
ÍMAT/ÁSPC	18,139	57,675
PSWT	-	2,317
	<u>18,139</u>	<u>64,006</u>

11. Cúlchistí	Cúlchiste ginearálta	Cúlchiste ainmnithe	Iomlán
	€	€	€
Cúlchistí Tosaigh	6,921,404	1,500,000	8,421,404
Barrachas don bhliain	3,038,804	-	3,038,804
Gluaiseachtaí eile	(2,500,000)	2,500,000	
Cúlchistí Deiridh	<u>7,460,208</u>	<u>4,000,000</u>	<u>11,460,208</u>

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh éirí as agóidí dlíthiúla a bheith tugtha in aghaidh aon chuid den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasáochta na Comhairle, i gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

12. Dliteanais Theagmhasacha

Bhí caingean dlí in aghaidh na Comhairle Múinteoireachta i ndáil le stádas clárúcháin comhalta ar feitheamh amhail an 1 Eanáir 2011. Socraíodh an cás i rith na bliana agus níl aon chaingean dlí eile in aghaidh na Comhairle Múinteoireachta.

13. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar neamhchomaoin agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

14. Ollsreafaí Airgid Thirim	2011 €	2010 €
Torthaí ar infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas		
Ús faighte	252,557	146,672
Cánachas		
Aisíocaíocht cánach ioncaim/(íochta)	62	(97)
Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais		
Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil	(82,784)	(183,653)
Fáltais ó shócmhainní inláimhsithe a dhíol	3,700	-
	<u>(79,084)</u>	<u>(183,653)</u>

15. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí	Iarmhéid Tosaigh €	Sreafaí airgid thirim €	Iarmhéid deiridh €
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh Glanchistí	8,086,401	2,862,567	10,948,968
	<u>8,086,401</u>	<u>2,862,567</u>	<u>10,948,968</u>

16. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Márta 2012 agus síníodh iad thar a ceann ag:



Lily Cronin
Cathaoirleach



Brendan O'Dea
Stiúrthóir Gníomhach

